- 6 Tá áthas ar na daltaí mar d'éirigh go maith leo sa scrúdú.
- 7 Tá Peige cantalach ó dhóigh sí an béile.
- 8 Rachaidh mé chuig an dráma ó mholann tú é.
- 9 Ní bheidh mé ag obair an tseachtain seo chugainn, mar beidh mé ar saoire.
- 10 Ní thiocfaidh mé leat chuig an scannán mar chonaic mé cheana é.

2 Make both verbs in each sentence negative.

- 1 Tá mise sásta nuair atá tusa sásta.
- 2 Ghlaogh siad orainn toisc go raibh siad ag iarraidh muid a fheiceáil.
- 3 Tabharfaidh mé cúnamh duit, mar gheall air go bhfuil mé in ann.
- 4 Fad is a bheidh stailc ar siúl, beidh inní ar na bainisteoirí.
- 5 Nuair a labhraíonn tú go mall, tuigim go maith.
- 6 Ós rud é go bhfuil an lá go breá, rachaidh mé go dtí an trá.
- 7 Toisc go bhfuil sé ag saothrú neart airgid, cheannaigh sé carr nua.
- 8 Mar gheall go bhfuil Francís agam, is féidir liom caint le Pierre.
- 9 Éirím ag 6:00 nuair a bhuaileann an clog.
- 10 Cé go raibh na daltaí socair, bhí an múinteoir crosta.

3 Finish the following sentences as you wish, remembering to choose **go** or **a** before the verb, when needed.

- 1 Tá mé ag fanacht go dtí
- 2 Níor tháinig mo chairde, toisc

- 3 Íosfaidh muid chomh luath is
- 4 Is féidir leat fanacht anseo fad is
- 5 Bhí Brídín ag caoineadh mar
- 6 Tosóidh an cluiche chomh luath is
- 7 Feicfidh mé sibh nuair
- 8 Níor labhair sé liom cé
- 9 Níl duine ar bith ag obair ó
- 10 Tá sé ag ól deoch eile, cé

4 Change the sentences below to ones that express ‘soon’ with the predicate **is gearr go** or **ní fada go**.

- 1 Tiocfaidh sé ar ais ar ball.
- 2 Gheobhaidh tú scéala uathu go gairid.
- 3 Tháinig an cigire tamall beag ina dhiaidh sin.
- 4 D’ith sé an iomarca, agus bhí sé tinn roimh i bhfad.
- 5 Críochnóidh mé an obair seo go luath.
- 6 Tosaigh sé ag obair ann anuraidh agus fuair sé ardú pá go luath.
- 7 Beidh an samhradh ag teacht go luath agus beidh áthas orm.
- 8 Buailfidh mé leat go gairid.
- 9 Beidh an dinnéar réidh ar ball.
- 10 Scríobhfaidh mé go luath.

5 Translate the following.

- 1 When you see Muiris, tell him to call me.
- 2 You can stay as long as you want.
- 3 He didn’t help me, although he was able to.
- 4 I don’t have a car because I can’t drive.
- 5 Wait till you hear this!
- 6 We can leave as soon as you are ready.
- 7 Since you know the song, will you teach it to me?
- 8 As soon as I get news from Cáit, I’ll tell you it.
- 9 Although she was sick, she went to work anyway.
- 10 I’m very tired today, because I stayed up too late last night.

Answers to exercises

- 1 1 Ní dheachaigh mé chuig an gcluiche, ós rud é go raibh an aimsir go dona. 2 Is maith liom an siopa sin, mar gheall go ndíolann (toisc go ndíolann) siad éadaí deasa. 3 Tá súil againn go gcuirfidh sé báisteach, mar gheall (toisc) go dteastaíonn sí. 4 Ós rud é gur labhair siad Gearmáinis, níor thuig mé focal. 5 Feicfidh tú arís í, mar gheall (toisc)

go dtiocfaidh sí anseo arís an mhí seo chugainn. 6 Tá áthas ar na daltaí mar gheall gur éirigh go maith leo sa scrúdú. 7 Tá Peige cantalach ós rud é gur dhóigh sí an béile. 8 Rachaidh mé chuig an dráma ós rud é go molann tú é. 9 Ní bheidh mé ag obair an tseachtain seo chugainn, mar gheall (toisc) go mbeidh mé ar saoire. 10 Ní thiocfaidh mé leat chuig an scannán mar gheall (toisc) go bhfaca mé cheana é.

2 1 Níl mise sásta nuair nach bhfuil tusa sásta. 2 Níor ghlaigh siad orainn toisc nach raibh siad ag iarraidh muid a fheiceáil. 3 Ní thabharfaidh mé cúnamh duit, mar gheall air nach bhfuil mé in ann. 4 Fad is nach mbeidh stailc ar siúl, ní bheidh inní ar na bainisteoirí. 5 Nuair nach labhraíonn tú go mall, ní thuigim go maith. 6 Ós rud é nach bhfuil an lá go breá, ní rachaidh mé go dtí an trá. 7 Toisc nach bhfuil sé ag saothrú neart airgid, níor cheannaigh sé carr nua. 8 Mar gheall nach bhfuil Fraincis agam, ní féidir liom caint le Pierre. 9 Ní éirím ag 6:00 nuair nach mbuaileann an clog. 10 Cé nach raibh na daltaí socair, ní raibh an múinteoir crosta.

3 Sample sentences: 1 Tá mé ag fanacht go dtí go mbeidh mé réidh. 2 Níor tháinig mo chairde, toisc go raibh an t-eitleán mall. 3 Íosfaidh muid chomh luath is a bheidh (bheas) an fheoil réidh. 4 Is féidir leat fanacht anseo fad is atá tú ag iarraidh (or fad agus is maith leat). 5 Bhí Brídín ag caoineadh mar ghortaigh sí í féin. 6 Tosóidh an cluiche chomh luath is a thiocfaidh (thiocfas) an captaen. 7 Feicfidh mé sibh nuair a thiocfaidh (thiocfas) sibh arís. 8 Níor labhair sé liom cé go bhfuil aithne mhaith agam air. 9 Níl duine ar bith ag obair ó tháinig Séamas. 10 Tá sé ag ól deoch eile cé go bhfuil sé caochta.

4 1 Is gearr go dtiocfaidh sé ar ais. (Ní fada go dtiocfaidh sé ar ais) 2 Is gearr go bhfaighidh tú scéala uathu. 3 Ba ghearr gur tháinig an cigire. 4 D'ith sé an iomarca, agus ba ghearr go raibh sé tinn. 5 Is gearr go gcríochnóidh mé an obair seo. 6 Thosaigh sé ag obair ann anuraidh agus ba ghearr go bhfuair sé ardú pá. 7 Is gearr go mbeidh an samhraidh ag teacht agus beidh áthas orm. 8 Is gearr go mbuailfidh mé leat. 9 Is gearr go mbeidh an dinnéar réidh. 10 Is gearr go scríobhfaidh mé.

5 1 Nuair a fheicfidh tú Muiris, abair leis glaoch a chur orm. 2 Is féidir leat fanacht chomh fada agus is maith leat. 3 Níor thug sé cúnamh dom, cé go raibh sé in ann. 4 Níl carr agam mar níl mé in ann tiomáint (mar gheall nach bhfuil . . . , toisc nach bhfuil . . .) 5 Fan go gcloisfidh tú é seo! 6 Is féidir linn imeacht chomh luath is a bheas (bheidh) tú réidh. 7 Ós rud é go bhfuil an t-amhrán ar eolas agat/go bhfuil eolas agat ar an amhrán, an múinfidh tú dom é? 8 Chomh luath is a bhfaighidh mé scéala ó Cháit, inseoidh mé duit é. 9 Cé go raibh sí tinn, chuaigh sí ag obair mar sin féin. 10 Tá mé an-tuirseach inniu, mar d'fhan mé i mo shuí ródheireanach aréir (mar gheall gur fhan, toisc gur fhan).

UNIT EIGHT

Directional adverbs I

Irish has a set of location adverbs which change form according to whether they are used to indicate motion or position, and according to the perspective taken by the speaker. These will be discussed in this and the following unit.

In, out, and home

The simplest cases include the adverbs meaning ‘in’, ‘out’ and ‘home’. These have two forms each, one to designate the location of some individual and the other for motion in that particular direction.

<i>Position</i>		<i>Motion</i>	
istigh	inside	isteach	inward
amuigh	outside	amach	outward
sa bhaile	} at home	abhaile	homeward
sa mbaile			

The same distinction can be made in English, as the above translations indicate, but it usually isn't. In Irish, the distinction is obligatory.


An bhfuil Mairéad istigh?	Is Mairéad in?
Chuamar isteach.	We went in.
Téigh amach agus fan amuigh.	Go out and stay out.
Tá a mac sa mbaile.	Her son is at home.
Tá mé ag dul abhaile.	I'm going home.

Amuigh and **istigh** are often reinforced with **taobh** to give the meanings ‘outside’ and ‘inside’.

Tá sé rófhuar taobh amuigh, ach tá sé go deas taobh istigh.
It's too cold outside, but it's nice inside.

Up and down

To express ‘up’ and ‘down’, still more distinctions are made, illustrated in the table below. Generally speaking, forms beginning with *th* indicate position without movement, those with *s* indicate movement away from the speaker, and those beginning with *an* signal motion toward the speaker. The remainder of each form shows the general direction that is the focus of attention: *-uas* is above, and *-íos* is below. Note, however, that the English translation doesn’t always match these forms, since **anuas** and **aníos** include information about the speaker’s perspective and the starting point, whereas the English forms signal only an absolute direction from the mover’s point of view.



Tá Liam ag dul suas.	Liam is going up. (<i>Away from speaker.</i>)
Tá Liam thuas.	Liam is up. (<i>Somewhere above speaker.</i>)
Tá Liam ag teacht aníos.	Liam is coming up. (<i>Toward speaker from below.</i>)
Tá Liam ag dul síos.	Liam is going down. (<i>Away from speaker.</i>)
Tá Liam thíos.	Liam is down. (<i>There.</i>)
Tá Liam ag teacht anuas.	Liam is coming down. (<i>Toward speaker from above.</i>)

The choice of verb, *go* or *come*, helps to identify the speaker’s perspective and force one adverb or the other. But in other cases, where the speaker’s orientation isn’t part of the verb’s meaning, different adverbs may be used with the same verb, signaling the speaker’s location with respect to the action:

Titfidh tú síos.	You'll fall down. (<i>Speaker is above listener or they are on the same level.</i>)
Titfidh tú anuas.	You'll fall down. (<i>Listener is above speaker.</i>)

Even the positional forms can be used with verbs of motion, as long as the motion isn't directional:

Tá siad ag damhsa thuas.	They're dancing up there.
Tá siad ag rith amuigh.	They're running outside. (<i>They're already outside, running in no particular direction.</i>)

Contrast:

Tá siad ag rith amach.	They're running out. (<i>From inside.</i>)
-------------------------------	--

Back and forth

Other adverbs showing the same three-way distinction indicate general directionality toward or away from the speaker. These are distributed as schematized below.

SPEAKER	
abhus here, on this side	thall yonder, over there
ag dul anonn/sall going over there	⇒
ag teacht anall coming back from there	⇐

Brúigh anonn.
Move (lit. 'push') over.

Tar anall.
Come over here. (*From over there.*)

Bíonn sí ag siúl anonn is anall.
She keeps walking back and forth.

Chuaigh siad sall anuraidh agus níor tháinig siad anall fós.
They went over[*seas*] last year and haven't come back yet.

Tá teach beag acu thall i Sasana, agus tá ceann mór abhus.
They have a small house over in England and a big one over here.

Curiously, these terms can be used to signal directionality both in relatively small spaces and across national boundaries, but not in between. Thus, **thall**

could refer to a location across the room or, if outdoors, a location still within sight of the speaker. Alternatively, it could refer (for a speaker in Ireland) to America, England, etc., but generally not to somewhere in the next county. For that, the compass points, which will be introduced in the next unit, are used.

Other perspectives

For convenience, we have been defining the directional vocabulary in terms of the speaker's perspective. It is possible, however, for the speaker to shift perspective to that of another individual in the course of a narrative, changing the adverb choice accordingly. In a narrative about a different time and place, the perspective of one of the participants in the story rather than that of the storyteller might be used as the basis for the adverbs. For example, suppose the participants in a conversation in Ireland are talking about events that happened to others in North America. A son has traveled to Ireland from Canada, and the family members are waiting for him to come back. The speaker in Ireland might say:

Ní raibh siad sásta go ndeachaigh sé anonn; tá súil acu fós go dtiocfaidh sé anall.

They weren't happy that he went over (*to Ireland*); they're still hoping that he will come back.

From the speaker's perspective Ireland (**anonn** in the story) is **abhus**, since that is where the conversation takes place, and Canada is **thall**. But it is the perspective of the family in Canada that determined the adverbs chosen in this narrative.

Similarly, variant possibilities between the **s** forms and the **a** forms show different perspectives:

Chuir mé an buicéad síos/anuas ar an urlár.


I put the bucket down on the floor.

Síos is the form expected from the point of view of the speaker (or the starting point of the bucket), but **anuas** suggests the perspective of the floor where it ended up.

Because of the possibility of changing perspective, choices can get complex. In most cases, the perspective of the speaker, or else the subject of the verb, will be adequate to decide which form to use. Listening to the usage of native speakers whenever possible will help learners develop a feel for more specialized uses of directionals.


Exercises

- 1 Look at the picture below and fill in the blanks on the dialogue and following sentences with **istigh**, **isteach**, **amuigh** or **amach**.



- 1 Feiceann beirt fhear an teach ósta. Tá siad ar an taobh_____.
- 2 Tá duine acu ag iarraidh a dhul _____ann.
- 3 Nuair a bheas siad_____, a deir sé, beidh deoch agus craic acu.
- 4 Níl a chara sásta a dhul_____ mar ní ólann sé, agus ní raibh sé _____i dteach ósta riamh.
- 5 Tá fear eile taobh _____agus tá deoch aige.
- 6 Tá sé ag breathnú_____ ón doras.
- 7 Tá sé ag caint leis na fir atá_____.
- 8 Deir sé go bhfuil sé chomh maith acu dul _____.
- 9 Tá an chraic go maith ar an taobh _____, a deir sé, agus ba cheart dóibh dul _____ agus gan fanacht _____.
- 10 Deir an fear a bhfuil an caipín air (=A) go bhfuil neart airgead aige, agus go mbeidh sé féin ag ceannach deoch do gach duine _____.

2 Fill in the blanks with **suas**, **thuas**, **anuas**, **síos**, **thíos** or **aníos**, as appropriate.



- 1 Tá Séamaisín _____ ar an teach.
- 2 Chuaigh sé _____ leis an dréimire. agus tá sé sásta fanacht _____.
- 3 Tá sé ag breathnú _____ ar Cháit.
- 4 Tá Cáit _____ ar an talamh, ag breathnú _____ air.
- 5 Níl sise sásta ar chor ar bith go bhfuil sé _____, mar tá faitíos uirthi go dtitfidh sé _____.
- 6 Tá clocha beaga ag Séamaisín, agus tá sé á gcaitheamh _____ ar Cháit .
- 7 Deir sé le Cáit teacht _____, ach níl sise sásta a dul _____.
- 8 Deir sise le Séamaisín teacht _____, ach tá seisean ag iarraidh fanacht _____.
- 9 Ach beidh aiféala ar Shéamaisín ar ball, mar tá madra _____ in aice leis an dréimire, agus leagfaidh sé é.
- 10 Nuair a bheas an dréimire _____, ní bheidh Séamaisín in ann teacht _____.
- 11 Beidh ocraas air, freisin, ach ní bheidh sé in ann aon bhia a thabhairt _____.
- 12 Beidh air fanacht _____ go dtiocfaidh Maime nó Deaide abhaile, mar níl Cáit sách láidir leis an dréimire a chur _____ arís.

3 Fill in the blanks in the following sentences.

- 1 Ná seas thall ansin. Tar _____, suigh _____ agus lig do scíth.
- 2 Seasaigí _____ nuair a thagann an príomhoide _____ sa seomra ranga.
- 3 D'fhág mé mo chóta _____ ar an mbinse sa ghairdín, agus fliuchadh é nuair a chuir sé báisteach.
- 4 Tá cúig sheomra codlata _____ staighre, agus tá cistin mhór _____ staighre le doras ar an ngairdín.
- 5 Thit an cat _____ i bpoll.
- 6 Tá éan _____ ar an gcrann; ní thiochfaidh sé _____.
- 7 Tá sé ag báisteach taobh _____; tar _____ agus fan _____.
- 8 Tóg _____ mála móna ón íoslach agus fág _____ ansin é.
- 9 Tá muid ag fanacht leat ag an mbaile; cén uair a thiochfaidh tú _____?
- 10 Tá mo dheirfiúr _____ i Sasana; chuaigh sí _____ anuraidh.
- 11 Tá bráillíní _____ sa chófra, ach tá siad ró-ard. An féidir leat iad a thógáil _____.
- 12 Tá tú ag caitheamh an iomarca ama sa teach; tar _____ liom anocht.

4 Translate.

- 1 Go out and take the clothes down from the line. Put them over there on the table.
- 2 I'm tired and I'd like to go home.
- 3 What's in there?
- 4 Will you put this bottle up on the shelf for me?
- 5 I saw Liam out under the tree but he's not there now. Did he come in?
- 6 Pick up a piece of wood from the basket and put it on the fire.
- 7 Call me tonight; I'll be at home.
- 8 Sinéad fell off a horse and broke her leg.
- 9 Where did you get that ugly thing? Put it down immediately!
- 10 The boys will be going over to New York in the summer. They'll be working over there. They'll come back at the beginning of September.

Answers to exercises

- 1 A says: 'Tá tart orm. Rachaimid isteach. Nuair a bheas muid istigh, beidh deoch againn.'

B says: 'Ní maith liom tithe ósta. B'fhéarr liom fanacht amuigh.'

C says: 'Taraigí isteach. Tá sé go breá istigh. Ná fanaigí amuigh.'

1 Feiceann beirt fhear an teach ósta. Tá siad ar an taobh istigh. 2 Tá duine acu ag iarraidh a dhul isteach ann. 3 Nuair a bheas siad istigh, a deir sé, beidh deoch agus craic acu. 4 Níl a chara sásta a dhul isteach, mar ní ólann sé, agus ní raibh sé istigh i dteach ósta riamh. 5 Tá fear eile taobh istigh agus tá deoch aige. 6 Tá sé ag breathnú amach ón doras. 7 Tá sé ag caint leis na fir atá amuigh. 8 Deir sé go bhfuil sé chomh maith acu dul isteach. 9 Tá an chraic go maith ar an taobh istigh, a deir sé, agus ba cheart dóibh dul isteach agus gan fanacht amuigh. 10 Deir an fear a bhfuil an caipín air (=A) go bhfuil neart airgead aige, agus go mbeidh sé féin ag ceannach deoch do gach duine istigh.

2 Cáit says: 'Níor cheart duit a bheith thuas ansin! Tar anuas go beo!'

Séamaisín says: 'Níl mé ag iarraidh dul síos. Fanfaidh mé thuas anseo. Tar aníos! Tá sé go breá.'

1 Tá Séamaisín thuas ar an teach. 2 Chuaigh sé suas leis an dréimire, agus tá sé sásta fanacht thuas. 3 Tá sé ag breathnú síos ar Cháit. 4 Tá Cáit thíos ar an talamh, ag breathnú suas air. 5 Níl sise sásta ar chor ar bith go bhfuil sé thuas, mar tá faitíos uirthi go dtitfidh sé anuas. 6 Tá clocha beaga ag Séamaisín, agus tá sé á gcaitheamh síos ar Cháit. 7 Deir sé le Cáit teacht aníos ach níl sise sásta a dul suas. 8 Deir sise le Séamaisín teacht anuas, ach tá seisean ag iarraidh fanacht thuas. 9 Ach beidh aiféala ar Shéamaisín ar ball, mar tá madra thíos in aice leis an dréimire, agus leagfaidh sé é. 10 Nuair a bheas an dréimire thíos, ní bheidh Séamaisín in ann teacht anuas. 11 Beidh ocraas air, freisin, ach ní bheidh sé in ann aon bhia a thabhairt aníos. 12 Beidh air fanacht thuas go dtiocfaidh Maime nó Deaide abhaile, mar níl Cáit sách láidir leis an dréimire a chur suas arís.

3 1 Ná seas thall ansin. Tar anall, suigh síos agus lig do scíth. 2 Seasai gí suas nuair a thagann an príomhoide isteach sa seomra ranga. 3 D'fhág mé mo chóta amuigh ar an mbinse sa ngairdín, agus fliuchadh é nuair a chuir sé báisteach. 4 Tá cúig sheomra codlata thuas staighre, agus tá cistin mhór thíos staighre le doras ar an ngairdín. 5 Thit an cat isteach (or síos) i bpoll. 6 Tá éan thuas ar an gcrann; ní thiocfaidh sé anuas. 7 Tá sé ag báisteach taobh amuigh; tar isteach agus fan istigh. 8 Tóg aníos mála móna ón íoslach agus fág thall ansin é. 9 Tá muid ag fanacht leat ag an mbaile; cén uair a thiocfaidh tú abhaile? 10 Tá mo dheirfiúr thall i Sasana. Chuaigh sí anonn anuraidh. 11 Tá bráillíní thuas sa chófra, ach tá siad ró-ard. An féidir leat iad a thógáil anuas? 12 Tá tú ag caitheamh an iomarca ama sa teach; tar amach liom anocht.

- 4 1 Téigh amach agus tabhair na héadaí anuas ón líne. Cuir thall ar an mbord iad. 2 Tá mé tuirseach agus ba mhaith liom dul abhaile. 3 Céard (cad, goidé) atá istigh ansin? 4 An gcuirfidh tú an buidéal seo suas ar an tseif dom? 5 Chonaic mé Liam amuigh faoin gcrann, ach níl sé ansin anois. Ar tháinig sé isteach? 6 Tóg suas píosa adhmaid ón gciseán, agus cuir ar an tine é. 7 Cuir glaoch orm anocht; beidh mé sa bhaile. 8 Thit Sinéad anuas ó chapall agus bhris a cois. 9 Cá bhfuair tú an rud gránna sin? Cuir síos go beo é! 10 Beidh na buachaillí ag dul anonn go Nua Eabhrac sa samhradh. Beidh siad ag obair thall. Tiofadh siad anall ag tús Mheán Fómhair.

UNIT NINE

Directional adverbs II: the compass points

Like the directional adverbs in the previous lesson, terms referring to points of the compass have variant forms according to the nature of the action and the speaker's perspective. Parallel to the three-way division for 'up' and 'down' presented in the last unit, these are the terms for the directions:

Compass points

The primary compass points are given below.

	<i>Location</i>	<i>To (from speaker)</i>	<i>From (toward speaker)</i>
West	thiar	siar	aniar
East	thoir	soir	anoir
North	ó thuaidh	ó thuaidh	aduaidh
South	ó dheas	ó dheas	aneas

Directionals commonly accompany place names, although they are unlikely to be used in the English equivalent.

Tá Bairbre thoir i mBaile Átha Cliath.

Bairbre is (east) in Dublin.

Beidh mé ag dul siar go Gaillimh anocht.

I'm going (west) to Galway tonight.

If the precise location intended is clear to the interlocutors, only the compass point may be mentioned. When people living in County Meath, whose families came from Connemara and who maintain close ties there, use sentences like

Tá Seán imithe siar.

Sean has gone west.

it is understood that Seán has gone to Connemara. Similarly, a person from the Cork Gaeltacht living in Dublin might say the following of a proposed visit home and expect a specific village to be understood.

Beidh mé ag dul ó dheas amárach. I'm going south tomorrow.

Intermediate directions

Directions between the compass points are expressed by compounds of two directions, as in English, but the order of elements is reversed (east–west precedes north–south). The second element is always the form in *a-*.

thiar aduaidh	in the northwest
soir aduaidh	to the northeast
aniar aneas	from the southwest

The same forms (*a-* = toward speaker) name the direction of the wind: **an ghaoth aniar** ‘the west wind’. The following is one version of a common proverb found in slightly varying forms throughout Ireland:

An ghaoth aduaidh, bíonn sí cruaidh, is cuireann sí fuacht ar dhaoine,
the north wind is harsh and makes people cold,

An ghaoth aneas, bíonn sí tais, is cuireann sí rath ar shíolta,
the south wind is moist and brings abundance to seeds,

An ghaoth anoir, bíonn sí tirim, is cuireann sí brait ar chaoirigh,
the east wind is dry and puts coats on the sheep,

An ghaoth aniar, bíonn sí fial, is cuireann sí iasc i líonta.
the west wind is generous and puts fish in the nets.

Adjectives and nouns

An adjectival form of the compass points is used in place names. For ‘east’ and ‘west’, this is the same as the location adverbs above. For ‘north’ and ‘south’, the forms are **thuaidh** and **theas** respectively.

Conamara Thuaidh	North Connemara
Meiriceá Theas	South America
Afraic Theas	South Africa
Afraic Thiar	West Africa

Directional terms can also be used as nouns: ‘There will be rain in the north tonight.’ The nominal forms for the compass points are given below.

an Tuaisceart	the north
an Deisceart	the south
an tIarthar	the west
an tOirthear	the east

They are used with genitive forms of the places they are located in.

tuaisceart na hÉireann	the north of Ireland
iarthar Mheiriceá	the American west
deisceart na Fraince	the south of France
oirthear na hEorpa	eastern Europe

Giving directions

Compass points are commonly used in giving directions, especially by older people. It is not uncommon to hear **Cas siar** ‘Turn west’ given as a direction to a driver. It is simply expected that the directions are known, which can be disconcerting to a visitor. In urban areas and among younger speakers, directions such as left and right are also used:

Cas ar chlé.	Turn left.
Cas ar dheis.	Turn right.
Coinnigh ar aghaidh.	Keep going straight.

Descriptions of locations of one thing with respect to another use **taobh** with the appropriate directional term:

Tá Indreabhán taobh thiar den Spidéal.
Inverin is west of Spiddal.

Tá an Fhrainc taobh ó dheas de Shasana.
France is south of England.

Tá ár dteach ar an taobh ó thuaidh.
Our house is to the north (of something previously mentioned).

An alternative set of forms, available for all directional terms prefixes *las-* to the adverbs: **lastuaidh**, **lastiar**, **lastoir**, **laistear**. Also **laistigh**, **lasmuigh**, **lastuas**, **laistíos**, etc.

Tá Indreabhán laistiar den Spidéal. Inverin is west of Spiddal.

Metaphoric usage

In addition to referring to the compass points, directional terms have metaphoric uses. Assuming one is facing east, the south would be to one's right. In fact, the similarity of the term **deis** 'right' to **deas** 'south' is no accident; the terms are historically related. In a similar way, **siar**, **thiar** can be used to mean 'back' (in space or time).

Tá an stábla taobh thiar den teach.

The stable is behind the house.

Téann an scéal sin chomh fada siar le haimsir an Ghorta.

That story goes back to the time of the Famine.

Other directional terms have metaphoric or idiomatic uses in various set expressions as well. Some useful examples:

amach anseo

from now on

le deich mbliana anuas

for the past ten years

sa deireadh thiar thall

at long last

Due perhaps to a map-based metaphor, **suas** and **síos** are also common with place-names instead of compass points:

Rachaimid suas go Baile Átha Cliath.

Let's go up to Dublin.

These do not always correspond to directions on a map. Dublin, for example, is **thuas** not only from points south like Kerry, but also from Galway (due west) and Meath (northwest).

In fact, both **suas/síos** and the compass points may have conventionalized usages in Gaeltacht areas which are understood locally but are not obvious to anyone from outside the community (even other native speakers). For example, in the Meath Gaeltacht of Ráth Cairn, **siar** may refer to Connemara as noted above, but also to the nearest town center, Athboy. Some speakers also use it to refer to the house next door. Moreover, just as 'up the road' and 'down the road' may be interchangeable if the road in question is flat, so the use of **suas** or **síos** can be unpredictable in local contexts. In one family, people go **suas** to the community center at the end of their road, but if they continue on, turning right and right again at the next road to a relative's home, that is **síos**! Local conventions must therefore simply be learned as they are used in the particular locale.

Exercises

1 Assume that you are in Dublin. Fill in the blanks with appropriate directional adverbs.

- 1 Beidh mé ag dul _____ go Béal Feirste amárach.
- 2 Tiocfaidh mé _____ maidin Dé Luain.
- 3 Rachaidh mé _____ go Conamara an mhí seo chugainn, agus fanfaidh mé trí seachtainí _____.
- 4 Chuaigh muid _____ anuraidh, agus d'fhan coicís i gCiarraí.
- 5 Tá mo dheirfiúr ina cónaí _____ i nDún na nGall.
- 6 Tháinig mo chairde _____ as Co. Mhaigh Eo.
- 7 Tá Baile Átha Cliath ar an gcósta _____ d'Éirinn.
- 8 Tá an Cóbh ar an gcósta _____.
- 9 Tá Gaillimh ar an gcósta _____.
- 10 Tá Portrush ar an gcósta _____.

2 Assume that you are in Chicago, and fill in the blanks accordingly.

- 1 Níl Milwaukee i bhfad _____ de Chicago.
- 2 Tá San Francisco píosa maith _____ uainn.
- 3 An raibh tú _____ i bhFlorida riamh?
- 4 Is minic a théann mo mhuintir _____ go Ceanada ar saoire.
- 5 Rachaidh mé _____ go Nua Eabhrac an tseachtain seo chugainn.
- 6 Fanfaidh mé seachtain _____, agus rachaidh mé _____ go Boston ag an deireadh seachtaine.
- 7 Chomh luath is a thiocfaidh mé _____ ó Nua Eabhrac, beidh mé ag dul _____ go Los Angeles, agus fanfaidh mé coicís ar an gcósta _____.
- 8 Chuaigh na páistí _____ go Disney World i bhFlorida lena Maimeo agus Daideo. Tiocfaidh siad _____ amárach.
- 9 Tá Hawaii i bhfad _____ de Chalifornia.
- 10 Bhí stoirm mhór uafásach _____ i New Orleans cúpla bliain ó shin.

3 If necessary, consult a map of Ireland for this exercise. Locate the place-names listed from the point of view of Áth Luain (Athlone), in the midlands. Use intermediate directions (such as southwest) as well as the main compass points.

- 1 Baile Átha Cliath
- 2 Corcaigh
- 3 Béal Feirste
- 4 Sligeach

- 5 Loch Garman
- 6 Trá Lí
- 7 Gaillimh
- 8 Doire
- 9 An Cabhán
- 10 Luimneach

4 For this and the following exercises, use the town map on p. 75.

You have just arrived in town and are at the bus stop. In which direction are the following locations? The four main compass points are enough.

- 1 stáisiún na ngardaí
- 2 teach an phobail
- 3 an bhialann
- 4 an siopa
- 5 oifig an phoist
- 6 an pháirc peile
- 7 tigh Dhonncha
- 8 an leabharlann
- 9 an bhunscoil
- 10 an amharclann

5 Using full sentences, locate the member of each pair, with respect to the second. Use the intermediate points in this exercise when necessary. E.g.,

oifig an phoist – teach ósta


Tá oifig an phoist taobh ó thuaidh den teach ósta Or

Tá oifig an phoist lastuaidh den teach ósta.

- 1 an siopa bia – an pháirc peile
- 2 an bhunscoil – tigh Phádraig
- 3 an dochtúir – tigh Bhairbre
- 4 an amharclann – oifig an phoist
- 5 an halla – teach an phobail
- 6 an siopa – an mheánscoil
- 7 teach an phobail – an bhialann
- 8 an bhunscoil – an teach ósta
- 9 tigh Sheáinín Thomáis – tigh Chiaráin
- 10 an leabharlann – an fón

6 Follow the directions given, and identify where they take you.

- 1 Tá tú ag an stad bus. Siúil soir Sráid an Daingin. Cas ar chlé agus suas an bóthar. Téigh trasna na sráide. Cad atá ar an gcoirnéal ar thaobh na láimhe deise?



- 2 As sin, siúil siar. Cas ar dheis agus siúil go dtí an chéad teach ar thaobh na láimhe clé. Cén teach é?
 - 3 Tá tú ag teach an phobail. Siúil síos an tsráid agus cas ar chlé. Ag an gcéad sráid eile, cas ar dheis agus siúil ó dheas go dtí sráid eile. Ar dheis arís, ansin ar chlé. Cas ar dheis arís ag an gcoirnéal, agus téigh isteach san áit atá ar an gcoirnéal. Cá bhfuil tú?
 - 4 Tosaigh tigh Eibhlín. Siúil ó thuaidh, go dtí an chéad sráid, agus cas soir, agus o thuaidh arís. Buail isteach sa siopa, agus ansin coinnigh ort ar aghaidh go dtí an coirnéal. Cas ar chlé, agus ar dheis ag an gcéad sráid eile. Buail isteach san áit ar an taobh thiar ó dheas den sráid sin. Cá bhfuil tú?
 - 5 Ón mbialann, téigh ag siúlóid beagán sula rachaidh tú abhaile. Siúil soir i dtosach, agus ansin ó thuaidh, chomh fada leis an meánscoil. Ar an gcéad sráid eile cas ar chlé agus ar chlé arís go mbeidh tú ag teacht anuas Sráid Chill Dealgaigh. Cas ó dheas ag an bpáirc peile agus síos an bóthar, trasna sráid amháin (atá ag dul siar) agus cas soir ar an gcéad sráid eile. Cas ar dheis ansin, thar dhá theach. Tá tú ag fanacht sa chéad teach eile. Cén teach é?
- 7 Give directions to someone who wants to go
- 1 from the post office to the football field.
 - 2 from the theater to the secondary school.
 - 3 from the church to Ciarán's house.
 - 4 from the primary school to the post office.
 - 5 from Bairbre's house to the restaurant.
 - 6 from Eibhlín's house to the park.
 - 7 from the pub to the food store.
 - 8 from the doctor's to Tomás' house.
 - 9 from the library to the shop.
 - 10 from the garda station to Mícheál Mór's house.

Answers to exercises

- 1 1 Beidh mé ag dul ó thuaidh go Béal Feirste amárach. 2 Tiocfaidh mé aduaidh maidin Dé Luain. 3 Rachaidh mé siar go Conamara an mhí seo chugainn, agus fanfaidh mé trí seachtainí thiar. 4 Chuaigh muid ó dheas anuraidh, agus d'fhan coicís i gCiarraí. 5 Tá mo dheirfiúr ina cónaí ó thuaidh i nDún na nGall. 6 Tháinig mo chairde aniar as Co. Mhaigh Eo. 7 Tá Bailé Átha Cliath ar an gcósta thoir d'Éirinn. 8 Tá an Cóbh ar an gcósta theas. 9 Tá Gaillimh ar an gcósta thiar. 10 Tá Portrush ar an gcósta thuaidh.

- 2 1 Níl Milwaukee i bhfad ó thuaidh de Chicago. 2 Tá San Francisco píosa maith thiar uainn. 3 An raibh tú ó dheas i bhFlorida riamh? 4 Is minic a théann mo mhuintir ó thuaidh go Ceanada ar saoire. 5 Rachaidh mé soir go Nua Eabhrac an tseachtain seo chugainn. 6 Fanfaidh mé seachtain thoir, agus rachaidh mé ó thuaidh go Boston (as Nua Eabhrac) ag an deireadh seachtaine. 7 Chomh luath is a thiofaihdh mé anoir ó Nua Eabhrac, beidh mé ag dul siar go Los Angeles, agus fanfaidh mé coicís ar an gcósta thiar. 8 Chuaigh na páistí ó dheas go Disney World i bhFlorida lena Maimeo agus Daideo. Tiofaihdh siad aneas amárach. 9 Tá Hawaii i bhfad thiar aneas de Chalifornia. 10 Bhí stoirm mhór uafásach ó dheas i New Orleans cúpla bliain ó shin.
- 3 1 Baile Átha Cliath – thoir 2 Corcaigh – ó dheas 3 Béal Feirste – thoir aduaidh 4 Sligeach – thiar aduaidh 5 Loch Garman – thoir aneas 6 Trá Lí – thiar aneas 7 Gaillimh – thiar 8 Doire – ó thuaidh 9 An Cabhán – thoir aduaidh 10 Luimneach – thiar aneas
- 4 1 stáisiún na ngardaí – thoir 2 teach an phobail – ó thuaidh 3 an bhialann – thiar 4 an siopa – thoir 5 oifig an phoist – thoir 6 an pháirc peile – ó thuaidh 7 tigh Dhonncha – ó dheas 8 an leabharlann – ó thuaidh 9 an bhunscoil – ó thuaidh 10 an amharclann – ó dheas
- 5 1 Tá an siopa bia taobh ó dheas (laistear) den pháirc peile. 2 Tá an bhunscoil taobh thiar (laistiar) de thigh Phádraig. 3 Tá an dochtúir taobh thoir (lastoir) de thigh Bhaire. 4 Tá an amharclann taobh thiar (laistiar) d'oifig an phoist. 5 Tá an halla thoir aneas de theach an phobail. 6 Tá an siopa taobh ó dheas (laistear) den mheánscoil. 7 Tá teach an phobail taobh ó thuaidh den bhialann. 8 Tá an bhunscoil thiar aduaidh den teach ósta. 9 Tá tigh Sheáinín Thomáis taobh thoir (lastoir) de thigh Chiaráin. 10 Tá an leabharlann taobh thiar (laistiar) den fhón.
- 6 1 an fón 2 tigh Mhíchíl Mhóir 3 an amharclann 4 an pháirc peile 5 tigh Áine
- 7 The following are samples only. Other routes are possible. 1 Siúil ó thuaidh go Sráid an Spidéil, agus cas ar chlé. Ag an gcoirnéal, feicfidh tú an pháirc peile trasna an bhóthair. 2 Téigh ó thuaidh ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus cas ar dheis ar Shráid an Daingin. Ar chlé ar Bhóthar na Gaillimhe agus trasna Sráid an Spidéil. Tá an mheánscoil ar thaobh na láimhe clé, taobh ó thuaidh den leabharlann. 3 Siúil síos Sráid Chill Dealgaigh agus cas ar dheis. Rachaidh tú trasna dhá shráid agus is é tigh Chiaráin an dara teach ar thaobh na láimhe clé. 4 Téigh ó dheas ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath go Sráid an Daingin agus cas ar chlé. Tá oifig an phoist ag an gcéad chrosbhóthar eile, ar an gcoirnéal thoir aneas.

5 Siúil ó dheas ar Bhóthar na Gaillimhe, agus cas ar dheis ar Shráid an Daingin. Siúil siar sráid amháin. Tá an bhialann ar an taobh eile de Bhóthar Bhaile Átha Cliath. 6 Siúil ó thuaidh ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, trasna Sráid an Daingin agus Sráid Luimnigh. Cas ar dheis ar Shráid an Spidéil, agus siúil soir go Bóthar na Gaillimhe. Cas ar chlé. Tá an pháirc ar thaobh na lámhe deise. 7 Suas Bóthar na Gaillimhe, agus cas ar chlé ar Shráid an Daingin, agus ar dheis ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Coinnigh ort ó thuaidh go Sráid Luimnigh, agus cas ar chlé. Beidh an siopa bia ar thaobh na lámhe deise. 8 Téigh ó dheas, agus cas ar dheis ar Shráid an Daingin agus ar dheis arís ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Tá tigh Thomáis ar thaobh na lámhe deise, in aice leis an siopa. 9 Téigh díreach ó dheas ar Bhóthar na Gaillimhe. Tá an siopa ar choirnéal Bhóthar na Gaillimhe agus Sráid an Daingin. 10 Siúil suas Bóthar na Gaillimhe agus cas ar chlé ar Shráid an Spidéil. Siúil siar. Nuair a fheicfidh tú an pháirc peile díreach ar aghaidh, cas ar dheis. Tá tigh Mhíchíl díreach taobh ó thuaidh den pháirc peile.

UNIT TEN

Comparisons

This unit and the next return to adjectives and adverbs, presenting comparative forms and their usage. The forms known as comparative and superlative are identical in Irish, differing only in how they are used in sentences.

Comparative structures and forms

Both adjectives and adverbs mark comparison with an ending plus the preceding comparative marker **níos** (replacing **go** in compared adverbs). The standard against which the comparison is made, if mentioned, is marked by **ná**.

Tá Áine níos óige ná Seán. Áine is younger than Seán.
Téann carr níos scioptha ná capall. A car goes faster than a horse.

The comparative suffix is relatively simple, usually resembling the feminine genitive ending (see *Basic Irish*, Unit 6). The most common form is *-e* with slenderization of a preceding consonant; the regular vowel losses and changes from *ea* to *i* or *ei* that have been seen before with suffixes are also found, as shown below.

ard	airde	high
fiáin	fiáine	wild
bocht	boichte	poor
sean	sine	old
geal	gile	bright
deas	deise	nice
íseal	ísle	low
domhain	doimhne	deep

Sometimes there may be both a change in one vowel and loss of another:

leathan	leithne	wide
----------------	----------------	------

Slender *l* or *r* is broadened and *-a* added; short unstressed vowels are dropped.

suimiúil	suimiúla	interesting
cóir	córa	just
socair	socra	quiet
deacair	deacra	difficult

Adjectives ending in a vowel do not typically change form in comparisons.

blasta	blasta	tasty
---------------	---------------	-------

Irregular comparatives

A few adjectives have irregular comparative forms. **Níos** accompanies these exactly as for regular forms. These are the most common:

maith	fearr	good
dona	measa	bad
mór	mó	big
beag	lú	small
furasta	fusa	easy
gerr	giorra	short
fada	faide	long
te	teo	hot

Copula

More rarely, the comparative form, without **níos**, is used following the copula:

Is óige Áine ná Seán.
Áine is younger than Seán.

Is scioptha a chuaigh an carr ná an capall.
The car went faster than the horse.

This form is particularly favored in proverbs. Just a few are provided here.

Is treise toil ná tuiscint.

Will is stronger than understanding.

Is measa na mná ná an t-ól.

Women are worse than drink.

Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste.

Better broken Irish than clever English.

Is fearr cara sa chúirt ná bonn sa sparán.

A friend in the court is better than a coin in the purse.

Is géire i bhfad an tsúil atá sa chluíd ná dhá shúil ar fud an tí.

The eye in the corner is much sharper than two eyes throughout the house.

It is used when the adjective is part of the phrase containing the noun it modifies:

Feicfidh tú daoine is boichte ná Eoin.

You'll see poorer people than Eoin.

Past tense

Because it is historically derived from the copula **is**, **níos** has a past-tense form **ní ba** (**níb** before a vowel or *fh*), which lenites the first consonant of the adjective. It is used in past or conditional contexts.

Bhí sé níb fhuaire i mbliana ná anuraidh.

It was colder this year than last.

This usage is not universally observed, and younger speakers especially use **níos** frequently in these cases.

Níos mó

In addition to their adjective meaning of 'bigger' and 'smaller', **níos mó** and **níos lú** are also used for comparison of quantities, in the sense of 'more' and 'less'.

Ba cheart dó níos lú a ithe.

He should eat less.

Tá níos mó ag teastáil uainn.

We need more.

Níos mó is the more commonly used. In the sentences above, they replace nouns, but can also be used to quantify a noun in the genitive case.

Teastaíonn níos mó airgid uaim.	I need more money.
Léim níos mó úrscéalta ná tusa.	I read more novels than you.
Tá níos lú daoine anseo anocht ná aréir.	Fewer people are here tonight than last night.

Finally, **níos mó** has adverbial functions in the following:

Ní thagann sé níos mó.	He doesn't come any more.
Taitníonn sé liomsa níos mó ná leatsa.	I like it more than you do.
Léim úrscéalta níos mó ná filíocht.	I read novels more than poetry.

Superlatives

Superlative forms in English end in '-est': 'biggest', 'best'. In Irish, they have the same form as other comparatives. The primary difference is that no standard of comparison is mentioned; if something is best, then it's better than all competitors, so there's no need to mention them. Superlatives always form a phrase with the noun they modify (i.e., are not used as predicates, as in 'I am youngest'), and are preceded by **is**.

an gasúr is óige	the youngest child
an carr is scioptha	the fastest car

The past form is **ba** with lenition (**ab** before vowels).

B'í Áine an cailín ba dheise.	Áine was the nicest girl.
B'í Áine an cailín ab óige.	Áine was the youngest girl.

Superlatives used as adverbs are generally part of a relative clause modifying some noun. They appear at the beginning of the clause, like the focus structures of Unit 3:

Sin é an capall is scioptha a ritheann.
That is the horse that runs the fastest.

An tusa an duine is minice a thaganns anseo?
Are you the person who comes here most often?

As an adverb meaning 'the most', **is mó** has the same structure.

Maitiú an duine is mó a thaitníonn liom.
Maitiú is the person I like the most.

Equality

Equality of a characteristic is expressed by **chomh . . . le**.

Tá Bríd chomh mór le Tomás.	Bríd is as big as Tomás.
Tá sé sin chomh daor le carr.	That's as expensive as a car.
Níl mise chomh hóg leatsa.	I'm not as young as you.

Note that **chomh** causes *h* to be prefixed to a word beginning with a vowel.

Chomh refers to equality with a previously mentioned individual or characteristic:

Níl sé chomh daor sin.	It's not that expensive.
Tá Máirín chomh mór céanna.	Máirín is just as big.

Chomh also occurs with an adjective in questions, followed either by **le** or by a relative clause:

Cé chomh daor leis?	How expensive is it?
Cé chomh saibhir atá siad?	How rich are they?

Clausal comparisons

When the standard against which one is making the comparison requires an entire sentence rather than just a noun, this is expressed by a relative clause following **ná**, optionally preceded by **mar**.

Tá an bia níos measa anseo ná mar atá sé tigh Chiaráin.
The food is worse here than it is at Ciarán's.

Tá an aimsir níos fearr i mbliana ná mar a bhí sí anuraidh.
The weather is better this year than it was last year.

Cheap mé go raibh an scannán níos fearr ná a dúirt na léirmheasanna.
I thought the film was better than the reviews said.

To follow **chomh** + adjective with a sentence, **is** precedes the relative clause, replacing **le**.

Níl an capall sin chomh scioptha is a bhí sé.
That horse isn't as fast as he was.

Níl mé ag iarraidh fanacht ann chomh fada is atá tusa.
I don't want to stay there as long as you do.

Exercises

1 Change the comparatives with **is** to comparatives with **níos**. E.g., Is fearr bainne ná uisce → Tá bainne níos fearr ná uisce.

- 1 Is casta an cheist seo ná an cheist eile.
- 2 Is faide uainn an Rúis ná an Fhrainc.
- 3 Is giorra an t-achar go Londain ná go Moscó.
- 4 Is fusa an Fhraincis ná an Béarla.
- 5 Is measa an teas ná an fuacht.
- 6 Is luaithe an t-eitleán ná an bus.
- 7 Is milse cáca ná torthaí.
- 8 Is mó an Fhrainc ná Éire.
- 9 Is fearr a bheith saibhir ná a bheith bocht.
- 10 Is gile an ghrian ná an ghealach.
- 11 Is teo Meiriceá ná Sasana.
- 12 Is lú luch ná cat.
- 13 Is saibhre Seoirse ná Ristead.
- 14 Is áille Mairéad ná Gráinne.

2 Fill in the comparative form of the adjective.

- 1 Tá madraí glic ach tá cait níos _____.
- 2 Tá Máirtín tinn, ach tá Fearghal níos _____.
- 3 Tá tusa cinnte. Tá mise níos _____.
- 4 Tá Sasana fuar. Tá an Fhionlainn níos _____.
- 5 Tá an Rúisis deacair, ach tá an tSínis níos _____.
- 6 Tá na bóithre cúng sa Spidéal, ach tá siad níos _____ i dTír an Fhia.
- 7 Tá an chistin glan, ach tá an seomra codlata níos _____.
- 8 Imríonn Cathal go maith ach imríonn Mícheál níos _____.
- 9 Tá an gúna daor, ach tá an cóta níos _____.
- 10 Tá an cnoc ard, ach tá an sliabh níos _____.
- 11 Tá Donncha mór, ach tá Síle níos _____.
- 12 Tá an loch domhain, ach tá an fharraige níos _____.
- 13 Tá an Life leathan, ach tá an Mississippi níos _____.
- 14 Tá an chathair go deas, ach tá an Ghaeltacht níos _____.
- 15 Tá Peige ciúin, ach tá Máire níos _____.

3 Change the following sentences to superlatives. E.g., Tá an teach seo níos fearr ná teach ar bith eile. → Seo é an teach is fearr.

- 1 Tá an bia seo níos saoire ná bia ar bith eile.
- 2 Tá an áit sin níos deise ná áit ar bith eile.
- 3 Tá an seomra sin níos teo ná seomra ar bith eile.

- 4 Tá an bhean seo níos cliste ná bean ar bith eile.
 - 5 Tá an t-ábhar sin níos fusa ná ábhar ar bith eile.
 - 6 Tá na héadaí sin níos tirime ná éadaí ar bith eile.
 - 7 Tá an damhsa sin níos briomhaire ná damhsa ar bith eile.
 - 8 Tá an bóthar sin níos faide ná bóthar ar bith eile.
 - 9 Tá an gasúr sin níos óige ná gasúr ar bith eile.
 - 10 Tá an mhí seo níos fliche ná mí ar bith eile.
- 4 Make the following sentences superlative. E.g., Níl duine ar bith chomh mór le Peadar. → 'Sé Peadar an duine is mó.
- 1 Níl scéal ar bith chomh dona leis an scéal sin.
 - 2 Níl duine ar bith chomh leisciúil leatsa.
 - 3 Níl feirmeoir ar bith chomh saibhir le Pádraig.
 - 4 Níl scian ar bith chomh géar leis an scian seo.
 - 5 Níl tír eile chomh híseal leis an Ollainn.
 - 6 Níl páiste ar bith sa scoil chomh hóg le Tomás.
 - 7 Níl rud ar bith chomh bán le sneachta úr.
 - 8 Níl sráid ar bith chomh cam le Sráid Lombard i San Francisco.
 - 9 Níl bia ar bith chomh blasta le gliomach.
 - 10 Níl duine ar bith chomh sean liomsa.
- 5 Fill the blank with the correct word from among the following: **le**, **leis**, **is**, **sin**, or **céanna**.
- 1 Níl an fhisic chomh furasta _____ an gceimic.
 - 2 Tá an fheoil go maith agus tá an t-iasc chomh maith _____.
 - 3 Níl Tadhg chomh mór _____ hÉanna.
 - 4 Níl sé chomh te _____ a bhí sé inné.
 - 5 Tá Baile Átha Cliath céad míle as an áit seo. Ní raibh a fhios agam go raibh sé chomh fada _____.
 - 6 Tá an lá inniu chomh gránna _____ a bhí riamh.
 - 7 Nach bhfuil Máire chomh deas _____ Bríd?
 - 8 Níl tusa chomh cantalach _____ atá Maime.
 - 9 Tá an aimsir chomh dona _____ nach bhfuil muid in ann a dhul amach.
 - 10 Ní bheidh an geimhreadh chomh fuar _____ a bhí sé anuraidh.
 - 11 Tá an Béarla furasta; an bhfuil an Ghearmáinis chomh furasta _____?
 - 12 Bhí an carr chomh luath _____ an mbus.
 - 13 Tá mise chomh tuirseach _____ atá tusa.
 - 14 Níl duine ar bith chomh leisciúil _____ Tomás.
 - 15 Tá do mhúinteoir go hiontach, ach tá mo mhúinteoirse chomh hiontach _____.

6 Change the following sentences to the past tense.

- 1 Tá do scéal aisteach, ach tá an scéal is aistí agamsa.
- 2 Tá Gaillimh plódaithe, ach tá Baile Átha Cliath níos plódaithe fós.
- 3 Is fearr deireanach ná go brách.
- 4 Is iad na drochuibheacha an boladh is measa.
- 5 Sé do chapallsa an capall is scioptha a ritheann.
- 6 Is deacra an rang sin ná rang ar bith eile.
- 7 Tá an geimhreadh níos fuaire i mbliana ná riamh.
- 8 Ní thiochfaidh sé ar ais níos mó.
- 9 Antaine an duine is mó a chuireann as dom.
- 10 Casann Ciarán go maith, ach casann Caitríona níos fearr.

7 Translate.

- 1 Both play and education are important for children; which is the most important, do you think?
- 2 Rhode Island is the smallest state in the USA.
- 3 He runs as fast as the wind.
- 4 Stiofán is thinner than he was, but he's not as thin as Caoimhín.
- 5 Maybe you are strong, but I'm just as strong.
- 6 I'm not as certain as I'd like to be about this.
- 7 Diarmaid is a good storyteller, but I don't know if he is the best one. Conchúr has better Irish.
- 8 Éamonn won the prize, because he is the man who sang the best.
- 9 Are you ready? I'm as ready as I'll ever be.
- 10 I've read worse books, but I've never read a longer one.

Answers to exercises

- 1 1 Tá an cheist seo níos casta ná an cheist eile. 2 Tá an Rúis níos faide uainn ná an Fhrainc. 3 Tá an t-achar níos giorra go Londain ná go Moscó. 4 Tá an Fhraincis níos fusa ná an Béarla. 5 Tá an teas níos measa ná an fuacht. 6 Tá an t-eitleán níos luaithe ná an bus. 7 Tá cáca níos milse ná torthaí. 8 Tá an Fhrainc níos mó ná Éire. 9 Tá sé níos fearr a bheith saibhir ná a bheith bocht. 10 Tá an ghrian níos gile ná an ghealach. 11 Tá Meiriceá níos teo ná Sasana. 12 Tá luch níos lú ná cat. 13 Tá Seoirse níos saibhre ná Ristard. 14 Tá Mairéad níos áille ná Gráinne.
- 2 1 Tá madraí glic ach tá cait níos glíce. 2 Tá Máirtín tinn, ach tá Fearghal níos tinne. 3 Tá tusa cinnte. Tá mise níos cinnte. 4 Tá Sasana fuar. Tá an Fhionlainn níos fuaire. 5 Tá an Rúisis deacair, ach tá an tSínis níos deacra. 6 Tá na bóithre cúng sa Spidéal, ach tá siad níos cúinge i dTír

an Fhia. 7 Tá an chistin glan, ach tá an seomra codlata níos glaine. 8 Imríonn Cathal go maith ach imríonn Mícheál níos fearr. 9 Tá an gúna daor, ach tá an cóta níos daoire. 10 Tá an cnoc ard, ach tá an sliabh níos airde. 11 Tá Donncha mór, ach tá Síle níos mó. 12 Tá an loch domhain, ach tá an fharraige níos doimhne. 13 Tá an Life leathan, ach tá an Mississippi níos leithne. 14 Tá an chathair go deas, ach tá an Ghaeltacht níos deise. 15 Tá Peige ciúin, ach tá Máire níos ciúine.

3 1 Seo é an bia seo is saoire. 2 Sin í an áit is deise. 3 Sin é an seomra is teo. 4 Seo í an bhean is cliste. 5 Sin é an t-ábhar is fusa. 6 Sin iad na héadaí is tirime. 7 Sin é an damhsa is bríomhaire. 8 Sin é an bóthar is faide. 9 Sin é an gasúr is óige. 10 Seo í an mhí is fiche.

4 1 'Sé an scéal sin an scéal is measa. 2 Tusa an duine is leisciúla. 3 'Sé Pádraig an feirmeoir is saibhre. 4 'Sé an scian seo an scian is géire. 5 'Sí an Ollainn an tír is ísle. 6 'Sé Tomás an páiste is óige sa scoil. 7 Is sneachta úr an rud is báine. 8 'Sé Sráid Lombard i San Francisco an tsráid is caime. 9 Is gliomach an bia is blasta. 10 Is mise an duine is sine.

5 1 Níl an fhisic chomh furasta leis an gceimic. 2 Tá an fheoil go maith agus tá an t-iasc chomh maith céanna. 3 Níl Tadhg chomh mór le hÉanna. 4 Níl sé chomh te is a bhí sé inné. 5 Tá Baile Átha Cliath céad míle as an áit seo. Ní raibh a fhios agam go raibh sé chomh fada sin. 6 Tá an lá inniu chomh gránna is a bhí riamh. 7 Nach bhfuil Máire chomh deas le Bríd? 8 Níl tusa chomh cantalach is atá Maime. 9 Tá an aimsir chomh dona sin nach bhfuil muid in ann a dhul amach. 10 Ní bheidh an geimhreadh chomh fuar is a bhí sé anuraidh. 11 Tá an Béarla furasta; an bhfuil an Ghearmáinis chomh furasta céanna? 12 Bhí an carr chomh luath leis an mbus. 13 Tá mise chomh tuirseach is atá tusa. 14 Níl duine ar bith chomh leisciúil le Tomás. 15 Tá do mhúinteoir go hiontach, ach tá mo mhúinteoirse chomh hiontach céanna.

6 1 Bhí do scéal aisteach, ach bhí an scéal ab aistí agamsa. 2 Bhí Gaillimh plódaithe, ach bhí Baile Átha Cliath níba phlódaithe fós. 3 B'fhearr deireanach ná go brách. 4 B'iad na drochuibheacha an boladh ba mheasa. 5 B'é do chapallsa an capall ba scioptha a rith. 6 Ba dheacra an rang sin ná rang ar bith eile. 7 Bhí an geimhreadh níba fhuaire i mbliana ná riamh. 8 Níor tháinig sé ar ais níba mhó. 9 Antaine an duine ba mhó a chuir as dom. 10 Chas Ciarán go maith, ach chas Caitríona níba fhearr.

7 1 Tá spraoi agus oideachas tábhachtach do pháistí; cé acu is tabhachtaí, meas tú? 2 Is é Rhode Island an stát is lú sna Stáit Aontaithe. 3 Ritheann sé chomh luath leis an ngaoth. 4 Tá Stiofán níos tanaí ná a bhí sé ach níl sé chomh tanaí le Caoimhín. 5 B'fhéidir go bhfuil tú láidir, ach tá

mise chomh láidir céanna. 6 Níl mé chomh cinnte is ba mhaith liom a bheith faoi seo. 7 Is scéalaí maith é Diarmaid, ach níl a fhios agam an é an duine is fearr. Tá Gaeilge níos fearr ag Conchúr. 8 Bhuaigh Éamonn an duais mar is é an fear ab fhearr a chan. 9 An bhfuil tú réidh? Tá mé chomh réidh is a bheidh mé riamh. 10 Léigh mé leabhair níos measa, ach níor léigh mé ceann níos faide riamh.

UNIT ELEVEN

Conditional clauses I

Conditional sentences express a dependency between two events: one is true when the other is. As a rule, such sentences involve two clauses, one introduced by ‘if’, expressing the conditions under which the main verb is true, and another which depends on the truth of the ‘if’ clause. Units 11–12 deal with conditional sentences in Irish.

The conditional mood

This term refers to a verb form that describes situations which are hypothetical or contrary to known fact. It is most often expressed by ‘would’ in English, but in Irish separate verb endings are used. The conditional forms for the two regular verb classes are given below. Endings replace subject pronouns in personal forms of the conditional more than for the tenses introduced in *Basic Irish*. The difference between the two examples in each class is the quality of the final stem consonant; as usual vowels are added if needed to match the quality of the verb’s final consonant.

Class 1

dhíolfainn	bhrisfinn
dhíolfá	bhrisfeá
dhíolfadh sé/sí	bhrisfeadh sé/sí
dhíolfaimis	bhrisimis
dhíolfadh sibh	bhrisfeadh sibh
dhíolfaidís	bhrisfidís

Class 2

cheannóinn	d’imreoinn
cheannófá	d’imreofá
cheannódh sé/sí	d’imreodh sé/sí
cheannóimis	d’imreois
cheannódh sibh	d’imreodh sibh
cheannóidís	d’imreoidís

Impersonal forms end in *-f(a)í*.

dhíolfáí	bhrisfí	cheannófáí	d’imreofáí
-----------------	----------------	-------------------	-------------------

A few patterns are found in these forms. The basic mark of the conditional is *-fadh* or *-ódh*, used with separate subject nouns and with the pronouns

sé, sí, sibh. In Connacht Irish, and parts of Ulster, pronouns are also used in place of the *-mis* suffix for ‘we’, as in tenses previously introduced. Other pronoun subjects are usually incorporated into the suffixes, although one hears separate pronouns occasionally with all of them. All forms share two features: the endings begin like future endings for each class (with *f* or *ó/eo*) to which the conditional endings are added. Furthermore, conditional forms, like the past tense, lenite an initial consonant and place *d’* before an initial vowel (or lenited *f*). But the regular negative and question particles **ní** and **an** are used with lenition and eclipsis respectively.

Ní cheannóinn é.
An gceannódh sí é?

I wouldn’t buy it.
Would she buy it?

Irregular verbs

The conditional of irregular verbs is formed by adding the usual mutations to the future stems. Examples:

thiocfadh sé	he would come
d’íosfainn	I would eat
thabharfaidís	they would give
bhéarfaimis	we would bear
déarfá	you would say
dhéanfaidís	they would do

The conditional of ‘be’, ‘go’, and ‘get’ uses the *f* only in the second person singular:

	bí	téigh	faigh
I would	bheinn	rachainn	gheobhainn
You would	bheifeá	rachfá	gheofá
S/he would	bheadh sé/sí	rachadh sé/sí	gheobhadh sé/sí
One would	bheifí	rachfaí	gheofaí

Plurals follow the pattern without *f*.

Particles: dependent forms

After verbal particles, the usual mutations apply: for regular verbs, lenition remains after **ní** and eclipsis replaces it elsewhere; dependent forms of irregular verbs are used as usual:

Ní dhíolfainn é.	I wouldn't sell it.
An ndíolfá é?	Would you sell it?
Sílim go ndíolfadh sé é.	I think he'd sell it.
Nach ndíolfadh sé é?	Wouldn't he sell it?
Ní bhfaighfeá euro air.	You wouldn't get (even) a euro for it.
An bhfaighimis mórán?	Would we get much?
B'fhéidir go bhfaighidís cúpla punt.	Maybe they'd get a couple of pounds.

Clauses with dá

The verb forms above are used in both clauses of conditional sentences introduced by **dá** 'if' (often pronounced and even spelled as **dhá**). Following **dá**, eclipsis replaces lenition and *n-* is prefixed to a vowel.

Dá bhfeicfeá í, bheadh iontas ort.

If you saw her, you'd be surprised.

If you'd seen her, you'd have been surprised.

Dá mbeadh an aimsir go dona, mhillfeadh sé an tsaoire.

If the weather were bad, it would ruin the holiday.

If the weather had been bad, it would have ruined the holiday.

Dá n-imeoidís ansin, ní bheidís sásta.

If they were to go there, they wouldn't be pleased.

If they had gone there, they wouldn't have been pleased.

Note the two translations for each. No distinction is made in Irish between present and past in hypothetical conditions; the difference can usually be determined from context.

The negative form of **dá** is **mura**, which may be translated 'if not', or 'unless'.

Mura ndéanfadh sé báisteach, gheobhadh na plandaí bás.

If it didn't rain, the plants would die.

Unless it rained, the plants would die.

Other conditional usages

Conditional forms without 'if' clauses are also quite common. The condition may simply be implied:

Bhainfeadh Micí taitneamh as an oíche.

Micí would enjoy the evening (if he were here).

Examples of some other common uses of the conditional follow. Most correspond to other uses of English 'would'.

Polite request

An scríobhfá litir di?

Would you write her a letter?

An dtabharfadh sibh cúnamh dúinn?

Would you help us?

To soften negative reactions

Ní bheinn róthugtha dó.

I wouldn't be too fond of it.

Ní bheadh mórán suime aige i leabhar mar sin.

He wouldn't have much interest in a book like that.

Future within the past

Dúirt mé go dtiocfainn, agus tháinig.

I said that I would come, and I did.

Gheall siad go n-íocfaidís an bille, ach níor íoc.

They promised that they would pay the bill, but they didn't.

Bhí faitíos orm go gcuirfeadh sé báisteach.

I was afraid it would rain.

To indicate refusal

Ní dhéanfadh sé an obair.

He wouldn't do the work.

Ní ghlacfainn leis an leithscéal sin.

I wouldn't accept that excuse.

Rhetorical questions

Cé a thiocfadh isteach ach Sorcha?

Who should come in but Sorcha?

An gcreidfeá é?

Would you believe it?

Céard a d'fheicfinn ach an bus?

What should I see but the bus?

*In comparisons with **mar** 'as (if)'*

Thit sé mar a dtíffeadh mála fataí.

He fell like a sack of potatoes.

Thug mé cúnamh dó, mar a dhéanfadh duine ar bith.

I helped him, as anyone would.

It is also used frequently in other contexts where English uses 'should', 'might', or 'could', showing speculation or uncertainty about future events, possibility, or signaling a responsibility. In such uses the conditional is common following predicates like **b'fhéidir** 'maybe' or **ba cheart** 'should', although other tenses are also found.

Speculation

B'fhéidir go mbeadh sé anseo anocht.

He might be here tonight.

Cheapfá go mbeadh sé buíoch.

You'd think he'd be grateful.

Ba cheart go mbeadh an aimsir go breá sa samhradh.

The weather should be fine in the summer. (Lit. 'it should be that the weather would be fine'.)

Possibility

D'fhéadfá teacht ar ais amárach.

You could come back tomorrow

Thuigfinn cén fáth a rinne sé é.

I can understand why he did it.

Responsibility

Caithfidh go bhfanfadh duine anseo.

Someone should stay here.

Ba cheart go ndéanfaí rud éigin faoi.

Something should be done about it.

It is occasionally found in proverbs:

Ní dhéanfadh an saol capall ráis d'asal.

Nothing in the world could make a racehorse out of a donkey.

D'fheannfadh sé dreancaid ar a craiceann.

He'd flay a flea for its skin.

Exercises

1 Change the following sentences from future tense to conditional. Remember to replace pronouns with personal endings where appropriate.

- 1 Teastóidh airgead le dul go hÉirinn.
- 2 Ní chuimhneoidh tú ar an leabhar sin.
- 3 Éistfidh siad leat.
- 4 Dúiseoidh Máire go moch.
- 5 Beidh áthas ar Bhrian thú a fheiceáil.
- 6 Réiteoidh Mam dinnéar maith.
- 7 Íosfaidh mé píosa eile aráin.
- 8 An bhfanfaidh sibh linn?
- 9 Dúnfaimid an doras.
- 10 Nach labhróidh na gasúir Béarla?
- 11 Tabharfaidh siad leo é.
- 12 An aithneoidh tú mé?
- 13 Gnóthóidh sé an cluiche.
- 14 Gheobhaidh sé pá maith ansin.
- 15 Rachaidh tú leo.

2 Convert the following to questions.

- 1 Gheobhadh sé cúnamh.
- 2 D'fhiafródh bhur gcairde cá bhfuil sibh.
- 3 Bheadh sé compordach ansin.
- 4 Chodlódh muid go maith ansin.
- 5 Tharlódh a leithéid.
- 6 Ní chuirfinn ceist mura mbeadh a fhios agam.
- 7 Ghlanfaí an t-urlár.
- 8 Léifidís leabhar 'chuile lá.
- 9 D'fhéadfá cuidiú linn.
- 10 Ní bhacfadh Máirtín leis an amadán sin.

3 Make the following sentences negative.

- 1 D'fhanfadh sé tamall fada.
- 2 Phéinteálfainn an teach.
- 3 Thaitneodh sé leis an múinteoir.
- 4 Leanfadh sí é.
- 5 Rachfá ar strae.
- 6 Phósfadh Bríd é.
- 7 Dhéanfaidís obair mhaith, agus shaothróidís go maith.
- 8 An gcoinneofá anseo é?
- 9 D'imreoinn cluiche eile.
- 10 Ghoidfeadh sé torthaí ón siopa.

4 Make both clauses of the following negative.

- 1 Dá mbeadh carranna saor, cheannóinn ceann nua.
- 2 Dá dtaitneodh sé leatsa, thaithneodh sé liomsa.
- 3 Dá gcuirfeadh sé dóthain báistí, d'fhásfadh na bláthanna.
- 4 Dá rachainn go hÉirinn, bheadh Gaeilge agam.
- 5 Dá n-íosfá an méid sin, d'éireofá tinn.

5 Fill in the correct form of the verb in parentheses. E.g., Dá mbeadh sé anseo, bheinn sásta. (bí)

- 1 Dá _____ an bháisteach thú, bheifeá tinn. (fliuch)
- 2 Dá _____ na buachaillí an fhuinneog, ní bheinn sásta. (bris)
- 3 Dá _____ sibh mé, bheinn sásta. (aithin)
- 4 Dá _____ Cáit an t-arán, d'íosfainn é. (gearr)
- 5 Dá _____ na mná amhrán, bheimis sásta. (cas)
- 6 Dá _____ sibh suas, d'fheicfeadh sibh níos fearr. (seas)
- 7 Dá _____ siad ag obair, bheadh an obair críochnaithe go gairid. (tosaigh)
- 8 Dá _____ tú toitíní bheadh do mháthair míshásta. (caith)
- 9 Dá _____ Seán ar an leabhar, bheinn sásta. (breathnaigh)
- 10 Dá _____ sibh san abhainn, bheadh sibh fiuch. (snámh)

6 Combine the following pairs of sentences into a single conditional sentence expressing how things would be if the sentences weren't true. E.g., Tá an lá go breá. Mar sin, tá mé sásta → Mura mbeadh an lá go breá, ní bheinn sásta.

Then translate the sentence into English. ('If the day weren't nice, I wouldn't be happy'.)

- 1 Níl deoch ag Máirtín. Mar sin, níl sé ag ól.
Dá _____deoch aige, _____.
- 2 Tá blas deas ar an mbia seo. Mar sin, íosfaidh mé é.
Mura _____.
- 3 Níl m'íníon tinn. Mar sin, ní dheachaigh sí chuig an dochtúir.
- 4 Níor dhúirt Mícheál focal. Mar sin, theip air sa scrúdú.
- 5 Tá an iomarca turasóirí anseo. Mar sin, ní bhfaighidh tú lóistín.
- 6 Chaith mé tamall i bPáras. Mar sin, d'fhoghlaim mé Francis.
- 7 Ní thiochfaidh Seán Dé Domhnaigh. Mar sin, ní thiochfaidh Peadar.
- 8 Ní raibh a fhios agam cá raibh tú. Mar sin, ní bhfuair tú cárta poist.
- 9 Bhí sé rófhuar i mbliana. Mar sin, níor thit sneachta ar chor ar bith.
- 10 Phós Colm agus Áine anuraidh. Mar sin, thóg siad teach nua.

7 Translate.

- 1 If you would help me, I would pay you.
- 2 If it hadn't rained, we would have gone out.
- 3 Where would you go if you had a million euros?
- 4 They said that they would sell the car.
- 5 Would you mind if I sat here?
- 6 I was sitting talking with my friends, and who should walk in but my father!
- 7 He wouldn't help me unless I paid him.
- 8 If you had been here yesterday, you'd have seen Liam.
- 9 If I'd done the work myself, it would have been done right.
- 10 Can you believe that! (Lit. 'would you'.)

Answers to exercises

- 1 1 Theastódh airgead le dul go hÉirinn. 2 Ní chuimhneofa ar an leabhar sin. 3 D'éistfidís leat. 4 Dhúiseodh Máire go moch. 5 Bheadh áthas ar Bhrian thú a fheiceáil. 6 Réiteodh Mam dinnéar maith. 7 D'íosaínn píosa eile aráin. 8 An bhfanfadh sibh linn? 9 Dhúnfaimis an doras. 10 Nach labhródh na gasúir Béarla? 11 Thabharfaidís leo é. 12 An aithneofa mé? 13 Ghnóthódh sé an cluiche. 14 Gheobhadh sé pá maith ansin. 15 Rachfa leo.
- 2 1 An bhfaigheadh sé cúnamh? 2 An bhfiafródh bhur gcairde cá bhfuil sibh? 3 An mbeadh sé compordach ansin? 4 An gcodlóimis go maith ansin? 5 An dtarlódh a leithéid? 6 Nach gcuirfinn cheist mura mbeadh

a fhios agam? 7 An nglanfaí an t-urlár? 8 An léifidís leabhar ‘chuile lá? 9 An bhféadfá cuidiú linn? 10 Nach mbackfadh Máirtín leis an amadán sin?

- 3 1 Ní fhanfadh sé tamall fada. 2 Ní phéinteálfainn an teach. 3 Ní thaitneodh sé leis an múinteoir. 4 Ní leanfadh sí é. 5 Ní rachfá ar strae. 6 Ní phósfadh Bríd é. 7 Ní dhéanfaidís obair mhaith, agus ní shaothróidís go maith. 8 Nach gcoinneofá anseo é? 9 Ní imreoinn cluiche eile. 10 Ní ghoidfeadh sé torthaí ón siopa.
- 4 1 Mura mbeadh carranna saor, ní cheannóinn ceann nua. 2 Mura dtaitneodh sé leatsa, ní thaitneodh sé liomsa. 3 Mura gcuirfeadh sé dóthain báistí, ní fhásfadh na bláthanna. 4 Mura rachainn go hÉirinn, ní bheadh Gaeilge agam. 5 Mura n-íosfá an méid sin, ní éireofá tinn.
- 5 1 Dá bhfliuchfadh an bháisteach thú, bheifeá tinn. 2 Dá mbrisfeadh na buachaillí an fhuinneog, ní bheinn sásta. 3 Dá n-aithneodh sibh mé, bheinn sásta. 4 Dá ngearrfadh Cáit an t-arán, d’íosfainn é. 5 Dá gcasfadh na mná amhrán, bheimis sásta. 6 Dá seasfadh sibh suas, d’fheicfeadh sibh níos fearr. 7 Dá dtosóidís ag obair, bheadh an obair críochnaithe go gairid. 8 Dá gcaithfeá toitíní bheadh do mháthair míshásta. 9 Dá mbreathnódh Seán ar an leabhar, bheinn sásta. 10 Dá snámhfadh sibh san abhainn, bheadh sibh fliuch.
- 6 1 Dá mbeadh deoch aige, bheadh sé ag ól. *If he had a drink, he’d be drinking.* 2 Mura mbeadh blas deas ar an mbia seo, ní íosfainn é. *If this food didn’t have a nice taste, I wouldn’t eat it.* 3 Dhá mbeadh m’níon tinn, rachadh sí chuig an dochtúir. *If my daughter were sick, she’d go to the doctor.* 4 Dá ndéarfadh Mícheál focal, ní theipfeadh air sa scrúdú. *If Mícheál had said a word, he wouldn’t have failed the exam.* 5 Mura mbeadh an iomarca turasóirí anseo, gheofá lóistín. *If there weren’t too many tourists here, you’d get lodgings.* 6 Mura gcaithfinn tamall i bPáras, ní fhoghlaimeoinn Fraincis. *If I hadn’t spent a while in Paris, I wouldn’t have learned French.* 7 Dá dtiocfadh Seán Dé Domhnaigh, thiocfadh Peadar. *If Seán came Sunday, Peadar would come.* 8 Dá mbeadh a fhios agam cá raibh tú, gheofá carta poist. *If I had known where you were, you would have got a postcard.* 9 Mura mbeadh sé rófhuar i mbliana, thitfeadh sneachta. *If it hadn’t been too cold this year, snow would have fallen.* 10 Mura bpósfadh Colm agus Áine anuraidh, ní thógfaidís teach nua. *If Colm and Áine hadn’t married last year, they wouldn’t have built a new house.*
- 7 1 Dá gcuideofá liom, d’íocfainn thú. 2 Mura gcuirfeadh sé báisteach, d’imeoimis amach. 3 Cá rachfá dá mbeadh milliún euro agat? 4 Dúirt siad go ndíolfaidís an carr. 5 Ar mhiste leat dá súifinn anseo? 6 Bhí mé

i mo shuí ag caint le mo chairde, agus cé a shiúlfadh isteach ach m'athair!
7 Ní chuideodh sé liom mura n-íocfainn é. 8 Dá mbeifeá anseo inné,
d'fheicfeá Liam. 9 Dá ndéanfainn féin an obair, bheadh sé déanta i
gceart. 10 An gcreidfeá é sin?

UNIT TWELVE

Conditional clauses II

The conditional sentences described in Unit 11 all imply the speaker's doubt or uncertainty that the conditions are or will come true, or in some cases show certain knowledge that they aren't true ('If I knew, I'd tell you'). But it is possible to express 'if' conditions without revealing anything of the speaker's beliefs, only a simple dependence between the two events. These, as well as negative conditions and conditions using the copula, will be covered in this unit.

Conditions with **má**

When the speaker doesn't wish to reveal a belief about the likelihood of the events described, a different word, **má**, is used for 'if'; it is followed by the independent form of irregular verbs and lenites the first consonant of regular verbs.

Má tháinig sé abhaile, thug sé cuairt ar Mhaiméo.

If he came home, he paid a visit to Grandma.

Má tá Treasa sa mbaile faoi láthair, tabhair leat í.

If Treasa is home at the moment, bring her with you.

The conditional form is not generally used with **má**, but all other tenses can be. The only restriction is that following **má**, the future tense is replaced by the present. Thus, the present tense after **má** can be interpreted with either future or present time reference. The tense of the second clause usually indicates which is intended.

Má fheiceann tú í amárach, feicfidh tú a fear freisin.

If you see her tomorrow, you'll see her husband, too.

Má fheiceann tú é sin, ní theastaíonn spéaclaí uait.

If you (can) see that, you don't need glasses.

Sometimes sentences with **má** are used as responses to previous utterances and do not really express a dependency of the main clause on the 'if' clause, but rather the speaker's surprise or doubt about the truth of the original sentence.

Tháinig Cáit abhaile as Boston.

Cáit came home from Boston.

Bhuel, má tháinig, ní fhaca mise í!

Well, if so, I didn't see her!

Negative conditions

To express conditions with negative verbs, **mura** 'if not' is used. It causes eclipsis (or a dependent form) of the verb, and takes the form **murar** before verbs with regular past tense. It serves as the negative of both **má** and **dá** and can therefore be followed by any tense, including the future. Some dialects use **muna** and some **mara** instead.

Mura bhfuil sé anseo, ní féidir liom caint leis.

If he isn't here, I can't talk to him.

Mura bhfeicfidh mé arís thú, bíodh turas maith agat.

If I don't see you again, have a good trip.

Murar ghlan sí a seomra, ní bheidh cead aici dul amach anocht.

If she didn't clean her room, she won't be allowed to go out tonight.

Mura mbeadh sé ag cur báistí, bheadh an lá inné go maith.

If it hadn't been raining, yesterday would have been good.

Mura mbeinn tinn, bheinn ag obair.

If I weren't sick, I'd be at work.

Murach, followed by a noun or (stressed) pronoun, can also be used to express the condition 'if it weren't for', or 'but for'.

Murach an teas, bheadh sibh compordach.

But for the heat, you'd be comfortable.

Murach ise bheinn in am.

If it weren't for her, I'd have been on time.

Clause order

Although all examples of conditional clauses so far show the ‘if’ clause before the conclusion, the two clauses can come in either order.

Beidh mé sa mbaile ag a hocht mura mbeidh moill ar an eitleán.

I’ll be home at 8, if the plane isn’t delayed.

Bheadh ’chuile dhuine sásta murach an drochaimsir.

Everyone would be pleased but for the bad weather.

Tiocfaidh sí má bhíonn sí in ann.

She will come if she can.

Conditions with the copula

The conditional form of the copula is **ba**, which follows **dá** with eclipsis. It is contracted as usual before a vowel or *fh*.

Dá mba mhaith leat iasc, d’íofadh muid sa mbialann seo.

If you liked fish, we’d eat in this restaurant.

Dá mb’í Eibhlín an rúnaí, bheadh gach rud ceart.

If Eibhlín were the secretary, everything would be in order.

Má merges with **is** as **más**.

Beidh deoch againn anseo, más mian leat.

We’ll have a drink here, if you like.

Más dochtúir thú, tá ceist agam ort.

If you’re a doctor, I have a question for you.

Mura is the negative of **más**. Before a vowel it becomes **murab**.

Mura maith leat é, ná ceannaigh é.

If you don’t like it, don’t buy it.

Murab é sin do chóta, is dócha gur liomsa é.

If that’s not your coat, it’s probably mine.

The negative form of **dá mba** is **murar**, which lenites the next consonant and becomes **murarbh** before a vowel (or *fh*).

Murar mhúinteoirí maithe iad, ní bheidís ag obair anseo.

If they weren't good teachers, they wouldn't be working here.

Murarbh fhéidir leat é a dhéanamh ba cheart duit cúnamh a fháil.

If you couldn't do it, you should have got help.

Emphasis

The verb of a condition clause may be subordinated to various phrases that draw further attention to the tentativeness of the condition. All the following can be used with either **má** or **dá**.

Má tharlaíonn sé go mbeadh an t-airgead agam, ceannóidh mé deoch duit.

If it should ever happen that I have the money, I'll buy you a drink.

Dá dtarlódh sé go mbeadh an t-airgead agam, cheannóinn deoch duit.

If ever I had the money, I'd buy you a drink.

Más amhlaidh go bhfuil sí ag insint na fírinne, beidh iontas orm.

If in fact she's telling the truth, I'll be surprised.

Dá mba rud é go ngnóthódh sé an Lotto, phósfadh sé í.

If it should turn out that he won the Lotto, he'd marry her.

Another form of emphasis involves placing **féin** after the verb following 'if'. It has the effect of 'even if', and is particularly common in (but not limited to) responses.

Dhá ngnóthódh sé an Lotto féin, ní phósfainn é.

Even if he won the Lotto, I wouldn't marry him.

Labhair mé le Colm inné, ach má labhair féin, níor inis sé tada dom.

I spoke to Colm yesterday, but even so, he didn't tell me anything.

Exercises

1 Combine the following sentences with **má** introducing the first sentence. Use **mura** instead of **má** if the first sentence is negative. E.g., Tá sé anseo. Tá mé sásta. → Má tá sé anseo, tá mé sásta.

- 1 Tá na daltaí leisciúil. Ní fhoghlaimíonn siad mórán.
- 2 Ní chuirfidh sé báisteach. Geobhaidh na plandaí bás.

- 3 Ní íocfar é. Ní thugann sé cúnamh do dhuine ar bith.
- 4 Tá sé óg. Níl sé sean.
- 5 Rachaidh mé go Ceanada. Rachaidh mé ann Dé Máirt.
- 6 Níor mhínigh tú an scéal. Níor thuig siad é.
- 7 Tháinig Eoghan. Tháinig sé mall.
- 8 Tiocfaidh tú chuig an gcrúinniú. Ní bheidh aiféala ort.
- 9 Tabharfaidh tú cúnamh dom. Tabharfaidh mise cúnamh duit.
- 10 Feicim na ceoltóirí. Ní fheicim go maith iad.

2 Make both clauses of the following negative.

- 1 Dá mbeadh carranna saor, cheannóinn ceann nua.
- 2 Dá dtaitneodh sé leatsa, thaitneodh sé liomsa.
- 3 Má bhíonn sé te ag an deireadh seachtaine, rachaimid chuig an trá.
- 4 Dá gcuirfeadh sé dóthain báistí, d'fhásfadh na bláthanna.
- 5 Déanann Ruairí obair mhaith, má fhaigheann sé pá maith.
- 6 Dá rachainn go hÉirinn, bheadh Gaeilge agam.
- 7 Má choinníonn tú ar an obair, éireoidh leat.
- 8 Má chonaic Diarmaid m'uncail, bhí sé i nGaoth Dobhair.
- 9 Dá n-íosfá an méid sin, d'éireofá tinn.
- 10 Má tá tú tinn, cuir glaoch ar an dochtúir.

3 Combine the following sentences as conditions, using **má** or **mura** with the copula as appropriate.

- 1 Is maith leat bia Iodálach. Taitneoidh an bhialann nua leat.
- 2 Ní miste leat fanacht nóiméad. Tiocfaidh mé leat.
- 3 Is tusa an bainisteoir. Tá ceist ag an bhfear úd ort.
- 4 Is siopa maith é. Ceannóidh mé mo bhróga ann.
- 5 Is maith le hEimear Spáinnis a fhoghlaim. Is féidir léi freastal ar ranganna.
- 6 Ní fiú éisteacht leis an gclár sin. Cas as an raidió.
- 7 Ní hé Cólín an ceannaire. Cé hé?
- 8 Is ceart dúinn críochnú go luath. Caithfidh tú deifir a dhéanamh.
- 9 Is féidir liom carr a fháil. Baileoidh mé thú.
- 10 Ní maith léi iasc. Ní íosfaidh sí an béile.

4 Combine the following sentences with **dá** or **mura**, to indicate the situation if the sentences below were untrue. E.g., Ní maith liom tae. Ní ólaim é. → Dá mba mhaith liom tae, d'ólfaínn é.

- 1 Ní tusa mo mháthair. Níl an ceart agat caint liom mar sin.
Dá _____ mo mháthair, _____.

- 2 Is breá an lá é. Beidh an bhainis go hálainn.
- 3 B'fhearr le Tomás fanacht sa tábhairne. Ní bheidh béile aige.
- 4 Ní liomsa an teach sin. Ní phéinteálfaidh mé é.
- 5 Is fear lách é Ciarán. Ní chuirfidh sé isteach orainn.
- 6 Ní tusa a bhí ag múineadh. Níor tháinig mé chuig an rang.
- 7 Is as Ceanada Máire. Tuigeann sí Fraincis.
- 8 Is mise an múinteoir. Ceartaím obair na ndaltaí.
- 9 Ní cuimhin liom a ainm. Ní chuirfidh mé in aithne duit é.
- 10 Ní dochtúir mé. Níl a fhios agam céard atá ort.

5 Translate.

- 1 If you don't clean your room, you can't go out tonight.
- 2 They would have all failed but for me.
- 3 If you like meat, eat this.
- 4 Even if she came, she'd be too late.
- 5 He said he would come tonight, but if he did, I didn't see him.
- 6 Would you be mad if I kissed you?
- 7 If you go to the shop, will you buy a pint of milk for me?
- 8 If it doesn't rain tomorrow, I'll plant vegetables and flowers.
- 9 Call me next week if you can.
- 10 I'd buy you a drink if it weren't that my money was stolen.

Answers to exercises

- 1 1 Má tá na daltaí leisciúil, ní fhoghlaimíonn siad mórán. 2 Mura gcuirfidh sé báisteach, geobhaidh na plandaí bás. 3 Mura n-íocfar é, ní thugann sé cúnamh do dhuine ar bith. 4 Má sé óg, níl sé sean. 5 Má théim go Ceanada, rachaidh mé ann Dé Máirt. 6 Murar mhínigh tú an scéal, níor thuig siad é. 7 Má tháinig Eoghan, tháinig sé mall. 8 Má thagann tú chuig an grúinniú, ní bheidh aiféala ort. 9 Má thugann tú cúnamh dom, tabharfaidh mise cúnamh duit. 10 Má fheicim na ceoltóirí, ní fheicim go maith iad.
- 2 1 Mura mbeadh carranna saor, ní cheannóinn ceann nua. 2 Mura dtaitneodh sé leatsa, ní thaitneodh sé liomsa. 3 Mura mbeidh sé te ag an deireadh seachtaine, ní rachaimid chuig an trá. 4 Mura gcuirfeadh sé dóthain báistí, ní fhásfadh na bláthanna. 5 Ní dhéanann Ruairí obair mhaith mura bhfaigheann sé pá maith. 6 Mura rachainn go hÉirinn, ní bheadh Gaeilge agam. 7 Mura gcoinneoidh tú ar an obair, ní éireoidh leat. 8 Mura bhfaca Diarmaid m'uncail, ní raibh sé i nGaoth Dobhair. 9 Mura n-íosfá an méid sin, ní éireofá tinn. 10 Mura bhfuil tú tinn, ná cuir glaoch ar an dochtúir.

- 3 1 Más maith leat bia Iodálach, taitneoidh an bhialann nua leat. 2 Mura miste leat fanacht nóiméad, tiocfaidh mé leat. 3 Más tusa an bainisteoir, tá ceist ag an bhfear úd ort. 4 Más siopa maith é, ceannóidh mé mo bhróga ann. 5 Más maith le hEimear Spáinnis a fhoghlaim, is féidir léi freastal ar ranganna. 6 Mura fiú éisteacht leis an gclár sin, cas as an raidió. 7 Murab é Cóilín an ceannaire, cé hé? 8 Más cheart dúinn críochnú go luath, caithfidh tú deifir a dhéanamh. 9 Más féidir liom carr a fháil, baileoidh mé thú. 10 Mura maith léi iasc, ní íosfaidh sí an béile.
- 4 1 Dá mba tusa mo mháthair, bheadh an ceart agat caint liom mar sin. 2 Murar bhreá an lá é, ní bheadh an bhainis go hálainn. 3 Murarbh fhearr le Tomás fanacht sa tábhairne, bheadh béile aige. 4 Dá mba liomsa an teach sin, phéinteálfainn é. 5 Murarbh fhear lách é Ciarán, chuirfeadh sé isteach orainn. 6 Dá mba tusa a bhí ag múineadh, thiocfainn chuig an rang. 7 Murarbh as Ceanada Máire, ní thuigfeadh sí Fraincis. 8 Murar mise an múinteoir, ní cheartóinn obair na ndaltaí. 9 Dá mba chuimhin liom a ainm, chuirfinn in aithne duit é. 10 Dá mba dhochtúir mé, bheadh a fhios agam céard atá ort.
- 5 1 Mura nglanfaidh tú do sheomra ní bheidh cead agat dul amach anocht. 2 Theipfeadh orthu uilig murach mise. 3 Más maith leat feoil, ith é seo. (Má thaitníonn feoil leat, ith é seo.) 4 Dá dtiocfadh sí féin, bheadh sí ródheireanach. 5 Dúirt sé go dtiocfadh sé anocht, ach má tháinig, ní fhaca mé é. 6 An mbeadh fearg ort dá bpógfainn thú? 7 Má théann tú chuig an siopa, an gceannóidh tú pionta bainne dom? 8 Mura gcuirfidh sé báisteach amárach, cuirfidh mé glasraí agus bláthanna. 9 Cuir glaoch orm an tseachtain seo chugainn más féidir leat. 10 Cheannóinn deoch duit murach gur goideadh mo chuid airgid.

UNIT THIRTEEN

Habitual tenses

As noted in *Basic Irish*, Unit 11, the so-called present tense of most verbs conveys a sense that the action expressed is habitual or general: ‘Nóra walks to work’, ‘Nuala doesn’t eat fish’, ‘birds fly’, etc. These sentences don’t indicate that something is happening just now, only that it does so on a regular basis. This is the usual interpretation of present-tense verbs that describe actions in both English and Irish. When the verb describes a physical or mental state, however, the time reference may be general or specifically present, and only context can help decide:

Feicim Bairbre anois díreach. I see Bairbre right now.
Feicim Bairbre uair sa tseachtain. I see Bairbre once a week.

One Irish verb differentiates these two meanings with separate forms. All verbs also have a past habitual form, used to describe events that took place on a regular basis in the past. These forms and their uses will be the topic of this unit.

Present habitual

A distinguishing feature of the verb **bí** is the existence of a separate tense, the present habitual. This tense is formed by adding the ending *-onn* to the imperative form **bí**, and is used to describe a situation that holds on a regular basis. As usual, the first-person singular subject ‘I’ is formed with an ending in all dialects, and the plural in the Standard and Munster, but with a pronoun in Connacht and Ulster.

Bím tinn. I am sick (habitually).
Bímid tinn/Bíonn muid tinn. We are sick (regularly).
Bíonn sé tinn. He is sick(ly).

Bíonn has no separate dependent stem; regular mutations are found after the particles. Although **bíonn** and **tá** are both translated into English as ‘is’, the choice between them is forced by certain adverbs. The following illustrate.

Tá sé tinn anois/faoi láthair/inniu.

He is sick now/at present/today.

Bíonn sé tinn i gcónaí/go minic/corruair.

He is always/often/occasionally sick.

Ní bhíonn sé tinn riamh/ach go hannamh.

He is never/rarely sick.

An mbíonn sé tinn go minic/riamh?

Is he often/ever sick?

This is also the form of **bí** used after **má**, for future time reference as well as habitual.

Má bhíonn tú ann go luath, gheobhaidh tú suíochán maith.

If you're there early, you'll get a good seat.

Má bhíonn na páistí tuirseach, bíonn siad cantalach.

If (i.e., whenever) the children are tired, they are cranky.

Past habitual forms

The past habitual endings closely resemble conditional forms. The ending used with separate noun and pronoun subjects is *-adh* for Class 1 verbs and *-íodh* for Class 2. The final consonants of both are pronounced as in the conditional. Since this is a past tense, the first consonant of the verb stem is lenited, or *d'* precedes a vowel or *fh*, as in the simple past tense (*Basic Irish*, Unit 13).

Ghlanadh sí gach Satharn.

She cleaned every Saturday.

D'óladh sibh fíon dearg.

You used to drink red wine.

Cheannaíodh sé bláthanna di uair sa tseachtain.

He would buy flowers for her once a week.

As shown, English translations can vary. ‘Used to’ emphasizes both the past time and the repetitive nature of the event, and will be used in the examples, but is used far less in English than the past habitual is used in Irish. English ‘would’ also expresses habitual meaning in some contexts (with no condition implied), but habitual actions may also be expressed by the simple past-tense form. That is, English does not require a distinction of form to separate simple and habitual past meanings; Irish does.

Personal forms

Like the conditional, the past habitual uses specialized endings in place of separate pronouns when ‘I’, ‘you’ (singular), ‘we’, and ‘they’ are subjects. The simple tense-only form is used only with noun subjects, and the pronouns **sé**, **sí**, **sibh**. The following are the forms for all persons of each verb class (with examples of broad and slender stems for each):

Class 1

ghlanainn	bhrisinn
ghlantá	bhristeá
ghlanadh sé	bhriseadh sé
ghlanaimis	bhrisimis
ghlanadh sibh	bhriseadh sibh
ghlanaidís	bhrisidís

Class 2

cheannainn	d’imrinn
cheannaíteá	d’imríteá
cheannaíodh sé	d’imríodh sé
cheannaimis	d’imrimis
cheannaíodh sibh	d’imríodh sibh
cheannaidís	d’imridís

Impersonal forms in the past habitual have the ending *-t(a)í*.

ghlantaí	bhristí	cheannaítí	d’imrítí
-----------------	----------------	-------------------	-----------------

Some younger speakers have begun to use separate pronouns with the general endings in place of these endings, but the personal endings are still the norm in writing and found in all areas.

Irregular verbs

The past habitual is formed regularly from the present-tense stems of irregular verbs plus the Class 1 endings. **Deir** is still not lenited. An example of each follows:

thagaidís	they used to come
théadh sé	he used to go
dhéantá	you used to make
thugainn	I used to give

d'fhaighimis	we used to get
deireadh sibh	you used to say
chloisinn	I used to hear
bheiridís	they used to bear
d'íthinn	I used to eat
d'fheicteá	you used to see
bhíodh sí	she used to be

Particles

The dependent forms of the past habitual follow the regular particles **ní, an, nach, go, a**, with the same mutations that accompany them in the present and future tenses. Lenition of the independent form is abandoned for eclipsis in questions and subordinate clauses (including indirect relatives), for both regular and irregular verbs.

ní ólainn	I didn't drink (regularly)
ní ghlantá	you didn't clean (regularly)
nuair a théadh sibh	when you used to go
an ndéanaidís?	did they make?
sílím go dtagadh sí	I think she used to come
nach bhfeicteá?	wouldn't you see?
na daoine a dtugainn airgead dóibh	the people I used to give money to

Substitution of the conditional

The conditional and past habitual forms are very similar in most cases, and in some dialects the pronunciation of many forms (those differing only in the presence or absence of an *f*) is hardly distinguished. Occasionally, and with increasing frequency among younger speakers, the conditional forms may be used in place of the past habitual.

Exercises

1 Change the verb to the appropriate habitual tense.

- 1 Bhí Páras go hiontach.
- 2 An raibh tú tinn?
- 3 Tá an bainisteoir sásta leis an obair.
- 4 Nach bhfuil duine ar bith ansin?
- 5 Bhíomar i gConamara.

- 6 Níl mé sásta anseo.
- 7 Bhí siad réasúnta saor.
- 8 An bhfuil sí ag obair go crua?
- 9 Tá mé tuirseach.
- 10 Bhí imní ar mo mháthair.
- 11 Tá Pádraig ag ól an iomarca.
- 12 An raibh mórán daoine ansin?
- 13 Ní raibh mórán tithe anseo.
- 14 Ní raibh mé ag an bhféile.
- 15 An bhfuiltear ag réiteach gach fadhb?

2 Choose simple or habitual forms of **bí** as appropriate to the adverb provided.

- 1 _____ Breandán cantalach go minic.
- 2 _____ mé an-tinn an tseachtain seo caite.
- 3 _____ muid ag fanacht sa teach céanna i gcónaí.
- 4 _____ an saol níos measa anseo fadó.
- 5 Ní minic a _____ sí mall.
- 6 _____ siad anseo ar cuairt corruair, ach ní fheicim go minic iad.
- 7 An _____ tú i do chónaí in Éirinn faoi láthair?
- 8 Nuair a bhí mé óg _____ saoire againn in Árainn ‘chuile shamhradh.
- 9 _____ tú cantalach inniu, mar a _____ i gcónaí nuair a fhaigheann tú drochscéal.
- 10 Ní _____ mórán turasóirí anseo i mbliana.

3 Change the following verbs to the habitual past.

- 1 Taitníonn cluichí cártaí le Pól.
- 2 Briseann siad go leor plátaí.
- 3 Dúnann an siopa sin ag a cúig.
- 4 Scanraíonn madraí iad.
- 5 Guíonn sibh ‘chuile lá.
- 6 Cleachtann sé a chuid Gaeilge go minic.
- 7 Glanaim an teach uilig san earrach.
- 8 Fanann tú tigh Mháire.
- 9 Ní chloistear mórán ceoil san óstán sin.
- 10 Aithníonn tú gach duine.
- 11 Ceannaíonn siad an iomarca bia.
- 12 Ceapaim go dtagann siad go minic.
- 13 Réitíonn sí béilí iontacha.
- 14 Imrímid peil.
- 15 Tuigim an Ghaeilge níos fearr ná an Rúisis.

4 Make questions of the following.

- 1 Stopadh carranna ar an genoc sin.
- 2 Chríochnaínn an obair in am.
- 3 D'éistidís le ceol tráidisiúnta.
- 4 Dhúisíodh Caitlín go moch ar maidin.
- 5 D'fhaigheadh sibh pá ag an deireadh seachtaine.
- 6 Phléimis ceisteanna suimiúla.
- 7 Ghortaítí thú go minic.
- 8 Bhuailteá mé in aon chluiche amháin.
- 9 Bhíodh 'chuile dhuine sásta.
- 10 Phósadh daoine an-óg fadó.

5 Make the following sentences negative.

- 1 Mhothaínn an fuacht nuair a bhí mé óg.
- 2 An mbídís ag obair go cruu?
- 3 Bhíodh beithígh ag muintir na feirme sin riamh.
- 4 Chuiridís geallta ar na capaill, agus chaillidís a gcuid airgid.
- 5 An dtarlaíodh na rudaí sin nuair a bhí tusa ann?
- 6 D'osclaímis an siopa ar an Domhnach go dtí anuraidh.
- 7 Thiteadh Máire go minic.
- 8 Deir siad go mbíodh an aimsir níos fearr.
- 9 Théinn go hAlbain go minic.
- 10 Labhraítí Gaeilge ansin.

6 Change the tense of the verb given to match each context.

- 1 Coinneoidh sé caoirigh.
blianta ó shin:
anois:
nuair a bhí an t-airgead aige:
- 2 Inseoidh Peig scéalta.
inné:
go minic:
go minic fadó:
- 3 Ní íocfaidh seisean as na deochanna.
riamh:
riamh fadó:
aréir:
- 4 Íosfaidh mé iasc.
go minic nuair a bhí mé óg:
uair sa tseachtain:
aréir:

- 5 Beidh slua mór anseo.
inné:
go hiondúil:
nuair a thagainn fadó:
- 6 An athróidh tú na bráillíní?
gach seachtain:
go minic blianta ó shin:
an lá cheana:
- 7 Stop sibh ansin.
i gcónaí nuair a bhíodh sibh ar saoire:
anuraidh:
go minic:
- 8 Fásfaidh an féar go maith.
fadó:
anuraidh:
má bhíonn sé fiuch:
- 9 Críochnóidh siad go luath.
inné:
anois is arís:
i gcónaí fadó:
- 10 Tuigfidh mé Rónán.
nuair a labhraíodh sé go mall:
i gcónaí:
nóiméad ó shin:

Answers to exercises

- 1 1 Bhíodh Páras go hiontach. 2 An mbíteá tinn? 3 Bíonn an bainisteoir sásta leis an obair. 4 Nach mbíonn duine ar bith ansin? 5 Bhímis i gConamara. 6 Ní bhím sásta anseo. 7 Bhídís réasúnta saor. 8 An mbíonn sí ag obair go crua? 9 Bím tuirseach. 10 Bhíodh inní ar mo mháthair. 11 Bíonn Pádraig ag ól an iomarca. 12 An mbíodh mórán daoine ansin? 13 Ní bhíodh mórán tithe anseo. 14 Ní bhínn ag an bhféile. 15 An mbítear ag réiteach gach fadhb?
- 2 1 Bíonn Breandán cantalach go minic. 2 Bhí mé an-tinn an tseachtain seo caite. 3 Bíonn muid ag fanacht sa teach céanna i gcónaí. 4 Bhíodh an saol níos measa anseo fadó. 5 Ní minic a bhíonn sí mall. 6 Bíonn siad anseo ar cuairt corruair, ach ní fheicim go minic iad. 7 An bhfuil tú i do chónaí in Éirinn faoi láthair? 8 Nuair a bhí mé óg bhíodh saoire againn in Árainn 'chuile shamhradh. 9 Tá tú cantalach inniu, mar a bhíonn i gcónaí nuair a fhaigheann tú drochscéal. 10 Níl (or ní raibh) mórán turasóirí anseo i mbliana.

- 3 1 Thaitníodh cluichí cártaí le Pól. 2 Bhrisidís go leor plátaí. 3 Dhúnadh an siopa sin ag a cúig. 4 Scanraíodh madraí iad. 5 Ghuíodh sibh ‘chuile lá. 6 Chleachtadh sé a chuid Gaeilge go minic. 7 Ghlanainn an teach uilig san earrach. 8 D’fhantá tigh Mháire. 9 Ní chloistí mórán ceoil san óstán sin. 10 D’aithníteá gach duine. 11 Cheannaídis an iomarca bia. 12 Cheapainn go dtagaidís go minic. 13 Réitíodh sí béilí iontacha. 14 D’imrímis peil. 15 Thuiginn an Ghaeilge níos fearr ná an Rúisis.
- 4 1 An stopadh carranna ar an genoc sin? 2 An gcríochnaínn an obair in am? 3 An éistidís le ceol tráidisiúnta? 4 An ndúisíodh Caitlín go moch ar maidin? 5 An bhfaigheadh sibh pá ag an deireadh seachtaine? 6 An bpléimis ceisteanna suimiúla? 7 Ann gortaítí thú go minic? 8 An mbuailteá mé in aon chluiche amháin? 9 An mbíodh ‘chuile dhuine sásta? 10 An bpósadh daoine an-óg fadó?
- 5 1 Ní mhothaínn an fuacht nuair a bhí mé óg. 2 Nach mbídís ag obair go crua? 3 Ní bhíodh beithígh ag muintir na feirme sin riamh. 4 Ní chuiridís geallta ar na capaill, agus ní chaillidís a gcuid airgid. 5 Nach dtarlaíodh na rudaí sin nuair a bhí tusa ann? 6 Ní osclaímis an siopa ar an Domhnach go dtí anuraidh. 7 Ní thiteadh Máire go minic. 8 Deir siad nach mbíodh an aimsir níos fearr. 9 Ní théinn go hAlbain go minic. 10 Ní labhraítí Gaeilge ansin.
- 6 1 Choinníodh sé caoirigh blianta ó shin. Coinníonn sé caoirigh anois. Choinnigh sé caoirigh nuair a bhí an t-airgead aige. 2 D’inis Peig scéalta inné. Insíonn Peig scéalta go minic. D’insíodh Peig scéalta go minic fadó. 3 Ní íocann seisean as na deochanna riamh. Ní íocadh seisean as na deochanna riamh fadó. Níor íoc seisean as na deochanna aréir. 4 D’ithinn iasc go minic nuair a bhí mé óg. Ithim iasc uair sa tseachtain. D’ith mé iasc aréir. 5 Bhí slua mór anseo inné. Bíonn slua mór anseo go hiondúil. Bhíodh slua mór anseo nuair a thagainn fadó. 6 An athraíonn tú na bráillíní gach seachtain? An athraíteá na bráillíní go minic blianta ó shin? Ar athraigh tú na bráillíní an lá cheana? 7 Stopadh sibh ansin i gcónaí nuair a bhíodh sibh ar saoire. Stop sibh ansin anuraidh. Stopann sibh ansin go minic. 8 D’fhásadh an féar go maith fadó. D’fhás an féar go maith anuraidh. Fásann an féar go maith má bhíonn sé fliuch. 9 Chríochnaigh siad go luath inné. Críochnaíonn siad go luath anois is arís. Chríochnaídis go luath i gcónaí fadó. 10 Thuiginn Rónán nuair a labhraíodh sé go mall. Tuigim Rónán i gcónaí. Thuig mé Rónán nóiméad ó shin.

UNIT FOURTEEN

Causes and onsets

This unit introduces the means of expressing how events are caused or permitted, or how conditions begin. Some of the Irish structures are very similar to their English counterparts, but others are not, due to structural differences between the simple sentences on which they are based.

Causatives

In English, causation is most simply expressed with the verb ‘make’ followed by an unmarked verb or adjective. The subject of the verb or adjective (the person made to do or be) comes in between.

Verb: ‘The devil *made me do it.*’

Adjective: ‘The cake *made me sick.*’

In Irish, the verb and adjective structures differ. Causation of an action is expressed with various verbal idioms with specific meanings such as ‘persuade’, ‘force’, or ‘demand’, followed by a verbal noun expression. The person who is caused to perform the action is usually in a phrase introduced by **ar** or occasionally another preposition (e.g., **dom** below).

Chuir sé ina luí orm é a dhéanamh.	He persuaded me to do it.
D’áitigh mé ar Dhónall é a dhéanamh.	I persuaded Dónall to do it.
Thug Dónall ar Shiobhán é a dhéanamh.	Dónall persuaded Siobhán to do it.
Chuir sé iallach (or iachall) orm é a dhéanamh.	He forced me to do it.
D’éiligh sé orm é a dhéanamh.	He demanded that I do it.
D’ordaigh sé dom é a dhéanamh.	He ordered me to do it.
D’iarr sé orm é a dhéanamh.	He asked me to do it.

The implication that the action of the verbal noun was actually done may not be as strong with some of these, but many, especially the first few, are what most speakers use to translate ‘make someone do something’ or ‘get someone to do something’.

To express the notion of making someone be in a particular physical or mental state, a construction similar to the English is used when the state is expressed by an adjective.

Tá mé tinn.	I am sick.
Rinne an t-iasc tinn mé.	The fish made me sick.
Tá sí leisciúil.	She is lazy.
Déanann an teas leisciúil í.	The heat makes her lazy.

But many such mental states are expressed by idioms, described in *Basic Irish*, Unit 24, which express the state by a noun which is *on* the person experiencing the state. The structure for causation in these cases uses the verb **cuir**; literally, someone puts the feeling on someone else.

Tá fearg air.	He is angry.
Chuir tú fearg air.	You made him angry.
Tá áthas orm.	I am happy/delighted.
Cuireann an dea-scéal sin áthas orm.	That good news makes me happy/delights me.

The cause of physical states and actions can also be expressed with **cuir** as in the following:

- 6 Tá sé _____ am duit teacht; tá mé ag fanacht uair a chloig.
- 7 Tá mé _____ na chéile leis an méid obair atá le déanamh.

- 8 An bhfuil tú ag dul _____ faoistín an tseachtain seo?
- 9 Bhreathnaigh mé isteach _____ an bhfuinneog.
- 10 Sin é an ceann is fearr liom, _____ ceann ar bith eile.

2 Fill in a prepositional pronoun from this unit to match the underlined word.

- 1 Chuaigh sé _____ gan labhairt liom.
- 2 Tá céad míle fáilte _____, a chairde.
- 3 Ní shnámhfaidh mé san fharraige, ach siúlfaidh mé _____.
- 4 An bhfeiceann tú an droichead mór thall? Caithfidh tú tiomáint _____.
- 5 Ba cheart dúinn stopadh go rachaidh an carr sin taobh thiar dúinn _____.
- 6 Ní raibh mé i mBéal an Átha riamh, ach téim _____ ar an mbus go minic.
- 7 Níor chuala mé scéal ó mo chairde fós ach scríobhfaidh mé _____ inniu.
- 8 Tá an tiarna talún ag iarraidh mo chíos; seolfaidh mé _____ é amárach.
- 9 Tá eolas maith aige ar na sráideanna seo; bíonn sé ag tiomáint tacsáí _____.

3 Answer the questions, using a pronoun form of one of the prepositions in this lesson.

- 1 An mbeidh tú ann roimh do chairde?
- 2 Ar sheol tú an t-airgead chugam fós?
- 3 An gcuirfidh siad fáilte romhaibh?
- 4 An ndeachaigh siad tríd an bpáirc?
- 5 Ar shiúil tú thar Dhroichead Golden Gate riamh?
- 6 An rachaidh sibh trí Pháras ar bhur laethanta saoire?
- 7 Ar scríobh tú chuig do dheirfiúr?
- 8 An bhfuil faitíos ort roimh mhadraí?
- 9 An raibh tú ann roimh an léacht?
- 10 An seolfaidh mé seic chugat?

4 Identify the dative forms in the following excerpts (not all nouns will be dative in form, even after prepositions).

- 1 Na héanacha mara ag scairteadh go léanmhar, cosúil le anamnacha bochta i bpéin.
'Sea birds crying mournfully, like poor souls in pain' (Clannad, *Thíos Cois na Trá*).

- 2 An bhfaca tú mo spéirbhean 's í taobh leis an toinn
Fáinní óir ar a méaraibh,'is í ag réiteach a cinn?
'Have you seen my beautiful one down by the wave,
'Gold rings on her fingers, and she fixing her hair?'
(*An Chúileann*, trad.).
- 3 Is preabaire i dtoirt, i gcorp 'is i gcnámh é; cá bhfuil a locht i gcois
nó i lámh dhe?
'He's a rouser in size, body, and bone; where is his fault, in his
foot or his hand?' (Brian Merriman, *Cúirt an Mheán-Oíche*).
- 4 Aon phóigín amháin, is é d'fháil ó bhean an fhir ruaidh.
'to get just one kiss from the red haired man's wife' (*Bean an Fhir
Ruaidh*, trad.).
- 5 bean nach cuirfeadh lámh fám chionn, bean nach luighfeadh liom
ar ór.
'a woman who wouldn't put her arm round my head, who
wouldn't lie with me for gold'. (*Sí mo Ghrádh*, trad.).
- 6 Tháinig mo ghrá-sa le mo thaobh, guala ar ghualainn, agus béal ar
bhéal
'My love came to my side, shoulder to shoulder and mouth to
mouth.' (*Mo bhrón ar an bhFarraige*, trad.).
- 7 Féach anois mé, is m'aghaidh le Balla, ag seinm ceoil do phócaibh
falamh
'Look at me now, facing Balla, playing music to empty pockets'
(*Mise Raiftearaí*).
- 8 Bíonn teas go síoraí i ngréin ann, is gan fuacht ar bith sa
ngaoth.
'There's always heat in the sun and no cold in the wind.'
(*Raiftearaí, Béal Atha Ghártha*).
- 9 Thugas léim go tairsigh
'I gave a leap to the threshold' (Eibhlín Ní Chonail, *Caoineadh
Airt Uí Laoghaire*).
- 10 's a chraobh chumhra cad as a dtabharfá do leabhar i mbréig?
'my fragrant branch, o what made you swear a lie?' (*An
Droighneán Donn*, trad.).
- 11 Is iad a dhearbhaigh na leabhartha go humhal sa mbréag
'It's they who obediently swore a perjured oath' (*Na Connerys*,
trad.).
- 12 Nuair is crua don chailleach, caithfidh sí rith.
'When it's hard for the old woman, she must run' (Proverb).
- 13 Dhá bhó bhui le taobh na gaoithe, ceann sa ló agus ceann san
oíche.
'Two yellow cows beside the wind, one by day and one by night'
(Riddle).

- 14 Ó scriosadh Traí mar gheall ar mhnaoi
'Since Troy was destroyed because of a woman' (Raiftearaí, *Peigi Mitchell*)
- 15 Buaithe, ceannaithe ceangailte pósta . . . ag cailligh
'captured and bought, in marriage bound . . . to a hag' (Brian Merriman, *Cúirt an Mheán-Oíche*)
- 16 Ó thigh an deamhain go tigh an diabhail.
'From the demon's house to the devil's' (Proverb).
- 17 Duine gan stór, a ghlór ní meastar i gcéill.
'A person without wealth, his speech is not considered sensible' (Proverb).
- 18 Faoi Nollaig bíonn bláth ar na crannaibh ag fás ann.
'At Christmastime flowers grow on the trees there' (Raiftearaí, *Liam Ó Ceallaigh*).

5 Translate the following.

- 1 I was upset yesterday, but I'm terrific today.
- 2 I hope you're not afraid of high places.
- 3 It's so cold, it feels that the wind would go straight through you.
- 4 We went over the river and through the woods to Grandma's house.
- 5 Here is Brian, coming towards us.
- 6 If you go to the school in the evening, you'll be welcome at the play.
- 7 It would be terrific to sunbathe on the beach.
- 8 Are you (plural) staying at Máirtín's?
- 9 One hears nothing from him but lies and deception.
- 10 She only eats twice a day.

Answers to exercises

- 1 1 Scríobh litir chuig do mháthair! 2 Shiúil sé thar an teach, gan stopadh. 3 D'éirigh mé go moch agus tháinig mé roimh dhuine ar bith eile. 4 Ba mhaith le Diarmaid dul ag staidéar thar sáile. 5 Beidh fáilte roimh gach duine. 6 Tá sé thar am duit teacht; tá mé ag fanacht uair a chloig. 7 Tá mé trí na chéile leis an méid obair atá le déanamh. 8 An bhfuil tú ag dul chuig faoistín an tseachtain seo? 9 Bhreathnaigh mé isteach tríd an bhfuinneog. 10 Sin é an ceann is fearr liom, thar ceann ar bith eile.
- 2 1 Chuaigh sé tharam gan labhairt liom. 2 Tá céad míle fáilte romhaibh, a chairde. 3 Ní shnámhfaidh mé san fharraige, ach siúlfaidh mé tríthi. 4 An bhfeiceann tú an droichead mór thall? Caithfidh tú tiomáint thairis.

5 Ba cheart dúinn stopadh go rachaidh an carr sin taobh thiar dúinn tharainn. 6 Ní raibh mé i mBéal an Átha riamh, ach téim tríd ar an mbus go minic. 7 Níor chuala mé scéal ó mo chairde fós ach scríobhfaidh mé chucu inniu. 8 Tá an tiarna talún ag iarraidh mo chíos; seolfaidh mé chuige é amárach. 9 Tá eolas maith aige ar na sráideanna seo; bíonn sé ag tiomáint tacsáí tríothu.

3 1 Beidh (or ní bheidh) mé ann rompu. 2 Sheol (níor sheol) mé an t-airgead chugat. 3 Cuirfidh (ní chuirfidh) siad fáilte romhainn. 4 Chuaigh (ní dheachaigh) siad tríthi. 5 Shiúil (níor shiúil) mé thairis. 6 Rachaimid (ní rachaimid) tríd. 7 Scríobh (níor scríobh) mé chuici. 8 Tá (níl) faitíos orm rompu. 9 Bhí (ní raibh) mé ann roimhe. 10 Seol (ná seol) seic chugam.

4 1 bpéin. 2 an toinn, méaraibh 3 gcois, láimh 4 none 5 chionn 6 ghualainn 7 phócaibh 8 ngréin 9 tairsigh 10 mbréig? 11 none 12 none 13 ló 14 mhnaoi 15 cailligh 16 thigh, tigh 17 gcéill. 18 crannaibh

5 1 Bhí mé trí na chéile inné, ach tá mé thar cionn inniu. 2 Tá súil agam nach bhfuil faitíos ort roimh áiteanna arda. 3 Tá sé chomh fuar sin, airíonn sé go rachadh an ghaoth díreach tríot. 4 Chuaigh muid thar an abhainn agus trí na coillte go tigh Mhamó. 5 Seo é Brian, ag teacht chugainn. 6 Má théann tú chuig an scoil um tráthnóna, beidh fáilte romhat ag an drama. 7 Bheadh sé thar cionn bolg-le-gréin a dhéanamh ar an trá. 8 An bhfuil sibh ag fanacht tigh Mháirtín? 9 Ní chloistear uaidh ach bréaga agus cur i gcéill. 10 Ní itheann sí ach dhá uair sa ló.

UNIT NINETEEN

Prepositions IV

Review of genitive case

This unit describes the phrases known as compound prepositions, along with remaining prepositions not previously introduced.

Compound prepositions

Compound prepositions consist of one of the prepositions previously introduced, followed by a noun; these phrases function as single prepositions in their meanings. They sometimes translate as English compounds (e.g., ‘on top of’), but often they translate as single prepositions. Irish has dozens of compound prepositions; only some of the most common will be introduced here.

Many compound prepositions, such as those below, express location or time relationships.

Location

os comhair	in front of, opposite
os cionn	above, over, more than
i lár	in the middle of
ar fud	throughout, among
i ndiaidh, i ndéidh	after, behind
i measc	among, in the midst of
in aghaidh	against
ar bharr	on top of

Time

i gceann	at the end of, in (time)
faoi cheann	by the end of, within
go ceann	for (a duration)
ar feadh	during, throughout
tar éis	after
le linn	during (a time period)
i rith, i gcaitheamh	during

More abstract relations can also be expressed by compound prepositions, such as the following:

ar nós	like, as	d'ainneoin	in spite of, despite
de bharr	as a result of, because of	ar son	for the sake of
i dtaobh	about, concerning	in áit/ionad	in place of, instead of
le haghaidh	for	i gcóir	in readiness for
le taobh	compared with, besides	de réir	according to

Nouns following compound prepositions are in the genitive case.

os comhair an tí	in front of the house
ar fud na tíre	throughout the country
i measc na ndaoine	among the people
tar éis an dinnéir	after dinner
ar feadh na bliana	throughout the year
go ceann seachtaine	for a week
ar son na cúise	for the cause
i dtaobh na bpáistí	about the children
i lár an bhaile	in the middle of town
i rith an ama sin	during that time

If the object of the compound preposition is a pronoun, it will appear as a possessive particle (*Basic Irish*, Unit 22):

os mo chionn	above me
inár measc	among us
i do dhiaidh	after you
lena thaobh sin	besides that
ar a shon	for his sake
ina n-aghaidh	against them

Non genitive compounds

In colloquial speech one may hear certain compound prepositions followed by an ordinary, non-possessive pronoun, as in:

ar nós thú féin	like yourself
------------------------	---------------

In other cases, a compound preposition may both begin and end with a preposition, and in these cases, no genitive form is required for either nouns or pronouns. A widely found example is the phrase **mar gheall ar** or **i ngeall ar** ‘because, on account of’.

mar gheall ar an stailc	because of the strike
i ngeall ar Shinéad	because of Sinéad

i ngeall air sin	on account of that
mar gheall ortsa	because of you

Some compound prepositions can be found in two synonymous forms, one followed by a genitive noun (or preceded by a possessive pronoun) and the other, with an added preposition, followed by the same forms found with simple prepositions. For example, **in aice** and **in aice le** both mean ‘near, next to’.

Tá crann ard in aice an tí.	} A tall tree is next to the house.
Tá crann ard in aice leis an teach.	

Genitive following simple prepositions

A few simple prepositions also require the genitive case on nouns following them. The most common ones are **timpeall** ‘around’, **chun** ‘to, toward’, **trasna** ‘across’.

timpeall an tí	around the house
chun na Gaillimhe	to Galway
trasna na sráide	across the street

Summary of the genitive case

The table below summarizes the main situations, introduced throughout this and the preceding volume, where the genitive case is required.

Uses of the genitive case

Noun which refers to a:

Possessor of another	teach an tsagairt	the priest’s house
Quality/type of another	lá geimhridh	a winter day
Part of a larger whole	doras an tí	the door of the house
Material something is made of	teach adhmaid	a house of wood

Noun which follows:

A verbal noun	ag moladh an tsagairt	praising the priest
A quantity word	an iomarca sagart	too many priests
A noun of type	neart sagart	plenty of priests
A compound preposition	saghas sagairt	a kind of priest
Certain other prepositions	ar nós an tsagairt	like the priest
	chun an tsagairt	to the priest

Exercises

1 Underline all the nouns in genitive contexts below (they may or may not have a distinct genitive form) and identify the reason for the genitive usage.

- 1 Tá an suíochán adhmaid seo míchompordach.
- 2 Fuair sí a cuid Gaeilge i nGaeltacht Chiarraí.
- 3 Trasna an bhóthair, tá teach bán le taobh na habhann, agus cránn mór os comhair an tí.
- 4 Nuair a bhí mé óg, bhínn ag caitheamh an tsamhraidh tigh m'uncail.
- 5 Déanann sé obair oifige, ach ní maith leis an cineál oibre sin; b'fhearr leis a bheith ag múineadh scoile.
- 6 Nuair a tháinig mac Sheáin isteach, bhí na fir ag imirt cártaí.
- 7 Fuair Mícheál post nua ag comhlacht gnó i lár an bhaile.
- 8 Ní ólann sí anois, mar tá sí ag iompar cloinne.
- 9 Táthar ag fás glasraí i dtithe gloine sa gceantar seo.
- 10 Lá breá samhraidh, is maith linn dul chuig an linn snámha, ach bíonn an iomarca daoine ann go hiondiúil.

2 Select an appropriate compound preposition to fill the gap.

- 1 Tá an díon _____ an tí.
- 2 Tá mé ag dul go hAlbain agus beidh mé ag fanacht ann _____ bliana.
- 3 Tá a shiopa díreach _____ na cathrach.
- 4 Tá gáirdín breá acu _____ an tí, ach níl mórán taobh thiar de.
- 5 Nuair a bhí m'iníon ag déanamh staidéar thar saíle, rinne sí taisteal _____ na hEorpa.
- 6 Tá siad ag bailiú airgid _____ na ndaoine bochta.
- 7 Beidh cuairteoirí ag fanacht linn _____ míosa.
- 8 An bhfuil sibh ag troid _____ a chéile?
- 9 Itheann sé _____ muice.
- 10 Beidh mé ar ais _____ uaire.

3 Change the genitive noun following the preposition to a pronoun that matches it in gender and number.

- 1 Beidh mé ag votáil in aghaidh Thomáis Uí Mháille.
- 2 Dúirt sí leis an sagart guí ar son a máthair.
- 3 Tá Máirtín ag tiomáint i ndiaidh mise agus Bhríd.
- 4 Tá inní orthu i dtaobh a gcairde.
- 5 Cad a d'fheicfínn os comhair mo shúile ach an t-uachtarán!
[Say 'in front of me']

- 6 Bhi go leor strainséaraí i measc na ndaoine.
 - 7 Rith Caitlín an rás is fearr, ach ní raibh Nóra i bhfad i ndiaidh Chaitlín.
 - 8 Croch an pictiúr os cionn na tine.
 - 9 Tá mé an-bhuíoch díot go ndearna tú an méid sin ar son mo mhic.
 - 10 Is féidir libh dul amach i ndiaidh an dinnéir.
- 4 Put the noun or pronoun in parentheses into its appropriate form, genitive or common, depending on the context.

- 1 Tá an capall ag rith timpeall _____ (an pháirc).
- 2 Tá mo mháthair ag iarraidh dul chun _____ (an baile mór).
- 3 Tá mo mháthair ag iarraidh dul go dtí _____ (an baile mór).
- 4 De bharr _____ (an troid) cuireadh an cruinniú siar.
- 5 Bí cúramach nuair a shiúlann tú trasna _____ (an tsráid).
- 6 Má tá tú tinn, ba cheart duit dul chuig _____ (an dochtúir).
- 7 Ná himigí gan _____ (mé).
- 8 De réir _____ (na feirmeoirí), ní raibh an t-earrach sách fliuch.
- 9 Fanfaidh mise in áit _____ (tú).
- 10 Tá an féar ag fás níos fearr in aice _____ (an teach) ná in aice leis _____ (an bóthar).
- 11 Níor fhan mé i bhfad mar gheall ar _____ (an t-am).
- 12 Tá éan ag eitilt os cionn _____ (na crainn).
- 13 Réitigh an bord i gcóir _____ (an dinnéar).
- 14 D'airigh mé go maith tar éis _____ (an tsaoire).
- 15 Téigh suas go dtí _____ (é) agus labhair leis.

5 Genitive review. Translate.

- 1 Tomás is singing the song that I like.
- 2 How will you go across the river?
- 3 My parents' house is on top of the hill.
- 4 She has too much money; she should give some of it to the children's hospital.
- 5 We would prefer fish instead of meat.
- 6 Compared to hurling, a football game is slow.
- 7 I'll call you in a week, and we'll have plenty of time to talk.
- 8 They stayed there during the entire day, discussing the question.
- 9 The clock above the door is broken. I'll need a lot of time to fix it.
- 10 Look around the house; the landlady is repainting the kitchen and the bedrooms.

Answers to exercises

- 1 1 Tá an suíochán adhmaid seo míchompordach. *substance noun* 2 Fuair sí a cuid Gaeilge i nGaeltacht Chiarraí. *quantity word, part of whole* 3 Trasna an bhóthair, tá teach bán le taobh na habhann, agus cránn mór os comhair an tí. *preposition requiring genitive, compound preposition, compound preposition* 4 Nuair a bhí mé óg, bhínn ag caitheamh an tsamhraidh tigh m'uncail. *verbal noun, possessor* 5 Déanann sé obair oifige, ach ní maith leis an cineál oibre sin; b'fhearr leis a bheith ag múineadh scoile. *noun of type, after type noun, verbal noun* 6 Nuair a tháinig mac Sheáin isteach, bhí na fir ag imirt chártaí. *possessor, verbal noun* 7 Fuair Mícheál post nua in oifig comhlachta mhóir i lár an bhaile. *possessor, compound preposition* 8 Ní ólann sí anois, mar tá sí ag iompar cloinne. *verbal noun* 9 Táthar ag fás glasraí i dtithe gloine sa gceantar seo. *verbal noun, material* 10 Lá breá samhraidh, is maith linn dul chuig an linn snámha, ach bíonn an iomarca daoine ann go hiondiúil. *noun of type, noun of type, quantity word*
- 2 1 Tá an díon ar bharr an tí. 2 Tá mé ag dul go hAlbain agus beidh mé ag fanacht ann go ceann bliana. 3 Tá a shiopa díreach i lár na cathrach. 4 Tá gáirdín breá acu os comhair an tí, ach níl mórán taobh thiar de. 5 Nuair a bhí m'iníon ag déanamh staidéar thar sáile, rinne sí taisteal ar fud na hEorpa. 6 Tá siad ag bailiú airgid ar son na ndaoine bochta. 7 Beidh cuairteoirí ag fanacht linn ar feadh míosa. 8 An bhfuil sibh ag troid in aghaidh a chéile? 9 Itheann sé ar nós muice. 10 Beidh mé ar ais faoi cheann uaire.
- 3 1 Beidh mé ag votáil in a aghaidh. 2 Dúirt sí leis an sagart guí ar a son. 3 Tá Máirtín ag tiomáint in ár ndiaidh. 4 Tá inní orthu ina dtaobh. 5 Cad a d'fheicfínn os mo chomhair ach an t-uachtarán! 6 Bhi go leor strainséaraí ina measc. 7 Rith Caitlín an rás is fearr, ach ní raibh Nóra i bhfad ina diaidh. 8 Croch an pictiúr os a cionn. 9 Tá mé an-bhuíoch díot go ndearna tú an méid sin ar a shon. 10 Is féidir libh dul amach ina dhiaidh.
- 4 1 Tá an capall ag rith timpeall na páirce. 2 Tá mo mháthair ag iarraidh dul chun an bhaile mhóir. 3 Tá mo mháthair ag iarraidh dul go dtí an baile mór. 4 De bharr an troda cuireadh an cruinniú siar. 5 Bí cúramach nuair a shiúlann tú trasna na sráide. 6 Má tá tú tinn, ba cheart duit dul chuig an dochtúir. 7 Ná himigí gan mé. 8 De réir na bhfeirmeoirí, ní raibh an t-earrach sách fliuch. 9 Fanfaidh mise i d'áit. 10 Tá an féar ag fás níos fearr in aice an tí ná in aice leis an mbóthar. 11 Níor fhan mé i bhfad mar gheall ar an am. 12 Tá éan ag eitilt os cionn na gcrann. 13 Réitigh an bord i gcóir an dinnéir. 14 D'airigh mé go maith tar éis na saoire. 15 Téigh suas go dtí é agus labhair leis.

- 5 1 Tá Tomás ag canadh an amhráin is maith liom. 2 Cén chaoi a rachaidh tú trasna na haibhne? 3 Tá teach mo dtuismitheoirí ar bharr an chnoic. 4 Tá an iomarca airgid aici; ba cheart di cuid de a thabhairt d'ospidéal na bpáistí. 5 B'fhearr linn iasc in áit feola. 6 Le taobh iománaíochta, tá cluiche peile mall. 7 Cuirfidh mé glaoch ort i gceann seachtaine agus beidh neart ama againn le caint. 8 D'fhan siad ansin i gcaitheamh an lae uilig, ag plé na ceiste. 9 Tá an clog os cionn an dorais briste. Teastóidh go leor ama uaim le caoi a chur air. 10 Breathnaigh timpeall an tí; tá bean an tí ag athphéinteáil na cistine agus na seomraí codlata.

UNIT TWENTY

The subjunctive mood

Subjunctive verb forms are familiar from other European languages but are hardly found in English outside a few fixed expressions ('far be it from me', 'if I were you'). Irish falls somewhere in between. Distinct subjunctive verb forms are listed in most grammars, but their use is limited. The subjunctive is often replaced by conditional or future forms in the spoken language. Still, it is somewhat more widespread than in English and is worth learning, at least to recognize.

Functions of the subjunctive

The subjunctive mood is usually introduced by **go**, or occasionally another subordinating particle like **sula** 'before'. It signals an uncertainty or lack of commitment to the reality of the event expressed by the verb, usually because it hasn't yet occurred. The particle **go** may be translated as 'until' or '(so) that', depending on context.

Fan go bhfeice tú.

Wait till you see.

Fan go dtaga siad.

Wait until they come.

Beidh mé imithe sula dtaga tú ar ais. I'll be gone before you come back.

Subjunctive clauses often appear alone to express a wish.

Go dtuga Dia sláinte duit.

May God give you health.

These cases tend to be limited to certain set expressions (see below).

Forms of the subjunctive

Subjunctive mood has only two tenses, present and past. The present subjunctive of regular first conjugation verbs is formed by adding the suffix

-*a* to a verb stem ending in a broad consonant, and -*e* to a verb stem ending in a slender consonant. Second conjugation verbs add -(*a*)*í*. Only the first person plural ('we') form uses a pronominal ending.

First conjugation

glan

go nglana mé/tú/sé/sí/sibh/siad

go nglanaimid

bris

go mbrise mé/tú/sé/sí/sibh/siad

go mbrisimid

Second conjugation

ceannaigh

go gceannaí mé/tú/sé, etc.

go gceannaímid

imigh

go n-imí mé/tú/sé, etc.

go n-imímid

The impersonal subjunctive is identical to the present tense impersonal introduced in Unit 5.

Go ndéantar do thoil.

Thy will be done.

The present subjunctive of most irregular verbs is formed regularly by suffixing these endings to the present stem: **go dtaga**, **go n-ithe**, **go bhfaighe**, etc. The forms of 'go' and 'be' are less predictable:

téigh

go dté mé/tú/sé, etc.

go dtéimid

bí

go raibh mé/tú/sé, etc.

go rabhaimid

Negative subjunctive verbs are introduced by **nár** (but **ná raibh**), which lenites the first consonant of the verb.

Nár fheice mé arís go deo é!

May I never see him again!

The past subjunctive of regular verbs is identical to the past habitual tense (Unit 13). It is used when the main verb is past or conditional.

Dúirt sé linn fanacht go dtagadh sé ar ais.

He told us to wait till he came back.

It may also be used in contrary-to-fact conditions with **dhá** 'if'.

Dhá dtéinn ann, gheobhainn an t-airgead.

If I were to go, I'd get the money.

Uses of the subjunctive

In colloquial usage, the subjunctive is very rare, limited mostly to fixed expressions such as:

Go sabhála Dia sinn!	(May) God save us; God help us.
Go dtaga do ríocht	Thy kingdom come
Go raibh maith agat.	Thank you. (Lit. 'may you have good'.)
Go mbeirimid beo ag an am seo arís!	May we still be alive at this time again (next year).

Blessings and curses are particularly rich sources of subjunctive forms:

Go n-éirí an bóthar leat.	Have a successful trip; <i>bon voyage</i> .
Go dtachta an diabhal thú.	The Devil choke you.
Go dté tú slán.	May you go safely.
Go méadaí Dia do stór.	May God increase your wealth.
Nár laga Dia thú.	May God not weaken you.
Ná raibh rath ort.	May you not prosper.

In most other cases, the present subjunctive is nowadays replaced by a future form, and the past subjunctive by a conditional. Compare the following to the examples above.

Fan go bhfeicfidh tú.	Wait till you see.
Fan go dtiocfaidh siad.	Wait till they come.
Dúirt sé fanacht go dtiocfadh sé.	He said to wait till he'd come.

For first conjugation verbs, the pronunciations of the present subjunctive and future tense are often quite similar, as are many past subjunctive and conditional forms, so the difference is barely noticeable except in writing. In the case of the second conjugation and irregular verbs, however, the differences are more striking (e.g., **taga** vs. **tiocfaidh**; **ceannaí** vs. **ceannóidh**).

Indirect imperatives

Imperative forms learned previously are directed at the listener ('you'), but imperative forms exist for other persons as well. They are used to

express wishes that form an indirect command, often translated ‘Let someone do something.’ These are most often found in the third-person forms or the first plural (‘let’s’).

Bíodh sí anseo.

Let her be here.

Fanaimis.

Let us wait.

These imperative forms are like the past habitual, without lenition of the first consonant. First-person forms, identical to the present tense, are found in most grammars but rarely used as commands.

Third-person imperatives are relatively common in Irish because of the many Irish idioms in which the subject of ‘be’ is a noun referring to a physical or mental state or a possession, while the person involved is mentioned in a prepositional phrase. Negative forms use **ná**, like regular imperatives.

Bíodh lá maith agat.

Have a good day.

Ná bíodh fearg ort.

Don’t be angry.

Exercises

1 Underline the subjunctive forms in the following sentences.

- 1 I bhFlaitheas Mhic Dé go raibh sé.
- 2 D’íosfadh an madra thú dá dtagá isteach.
- 3 Go méadaí Dia do stór.
- 4 Bhí súil aige an obair a chríochnú sula dtéadh sé abhaile.
- 5 Nár fheice mé Dia go bhfeicimse do sgáile.
- 6 Go dtachta an diabhal thú.
- 7 Dá dtiteadh amach le teas na hóige . . . ceangal le mnaoi . . .
- 8 Ná raibh rath ort, a bhithiúnaigh!
- 9 Dá gcaitheadh sé an lá le cách a riar, beidh tuilleadh is do shá-se le fáil ina ndiaidh.
- 10 D’éiriomar go dtéimis abhaile.

2 Change the sentences below to more formal subjunctive forms.

- 1 Gheall sí dom dá bpósfainn, go mbeadh áthas orm.
- 2 Tá súil agam go gcáillfidh sé a shaibhreas.
- 3 Ba cheart go mbrisfí as a bpost é.
- 4 Tá súil agam go mbeannóidh Dia duit.
- 5 Tá súil agam go rachfá slán.
- 6 Ná bí i bhfad go dtiocfaidh tú ar ais.
- 7 Ghlaogh siad ar fhear an tí go bhfaighidís deoch eile.
- 8 Críochnóidh muid an cluiche sula rachaidh tú abhaile.

3 Change the verb of the *if* clause to subjunctive form.

- 1 Dá bposfaí le bean bhocht é, bheadh fearg ar a mhuintir.
- 2 Dá rachainn ann, bhainfinn an-taitneamh as an turas.
- 3 Dá dtógfadh Peadar teach nua bheadh Máire sásta.
- 4 Dá bhfaighinnse milliún air, ní dhéanfainn é.
- 5 Dá dtiocfaidís amárach, bheadh áit le fanacht acu.
- 6 Dá bhfeicfeá í, ní aithneofá í.
- 7 Mura dtabharfaidh tú dó é, goidfidh sé é.
- 8 Dá dtabharfaí amadán air, chuirfeadh sé fearg air.

4 Change the subjunctive forms below to more colloquial forms.

- 1 Fan go dtaga sé ar ais.
- 2 Chuaigh sé isteach go dtéadh sé a chodladh.
- 3 Dúirt siad é a fhágáil mar a bhí, mura dtugadh Páidín faoi deara é.
- 4 Rith sé amach sula bhfeictí é.
- 5 Sheas mé go bhfaghainn amach cé a bhí ag teacht.
- 6 Imeoidh mé go bhfaighe mé eolas ar an gceist.
- 7 Dhá bhfeicteá í bheadh iontas ort.
- 8 Imigh leat sula mbeirtí ort!
- 9 Beidh a fhios agat sula n-imí tú.
- 10 Go mbaine sibh taitneamh as an lá.

5 Convert the statements of wish to indirect commands. E.g., Ba mhaith liom go suifidh sí ansin. → Suíodh sí ansin.

- 1 Ba mhaith liom go déanfaimid an obair le chéile.
- 2 Ba mhaith liom go dtiocfaidh beirt agaibh liom.
- 3 Ba mhaith liom go mbeidh turas maith agat.
- 4 Ba mhaith liom nach n-inseoidh aon duine an rún.
- 5 Ba mhaith liom go seasfaidh siad uilig.
- 6 Ba mhaith liom go léifidh sí an leabhar seo.
- 7 Ba mhaith liom go mbeidh sé ag an mbainis.
- 8 Ba mhaith liom nach n-íosfaidh duine ar bith an cáca seo.

6 Translate, using a subjunctive or imperative form where possible.

- 1 Wait till you hear what your son did!
- 2 May you have health and happiness throughout your life.
- 3 Have a wonderful trip.
- 4 May God give me patience!
- 5 May he have no luck, the coward!
- 6 I told him to leave, so that he wouldn't interrupt you.
- 7 I'm staying here until I get an answer.
- 8 Go inside to see (so that you see) what time it is.

Answers to exercises

- 1 1 I bhFlaitheas Mhic Dé go raibh sé. 2 D'íosfadh an madra thú dá dtagta isteach. 3 Go méadaí Dia do stór. 4 Bhí súil aige an obair a chríochnú sula dtéadh sé abhaile. 5 Nár fheice mé Dia go bhfeicimse do sgáile. 6 Go dtachta an diabhal thú. 7 Dá dtiteadh amach le teas na hóige . . . ceangal le mnaoi . . . 8 Ná raibh rath ort, a bhithiúnaigh! 9 Dá gcaitheadh sé an lá le cách a riar, beidh tuilleadh is do shá-se le fáil ina ndiaidh. 10 D'éiríomar go dtéimis abhaile.
- 2 1 Gheall sí dom dá bpósainn, go mbeadh áthas orm. 2 Go gcáille sé a shaibhreas. 3 Go mbrisfí as a bpost é. 4 Go mbeannaí Dia duit. 5 Go dté tú slán. 6 Ná bí i bhfad go dtaga tú ar ais. 7 Ghlaoigh siad ar fhear an tí go bhfagaidís deoch eile. 8 Críochnóidh muid an cluiche sula dté tú abhaile.
- 3 1 Dá bpostáí le bean bhocht é, bheadh fearg ar a mhuintir. 2 Dá dtéinn ann, bhainfinn an-taitneamh as an turas. 3 Dá dtógadh Peadar teach nua bheadh Máire sásta. 4 Dá bhfaghainnse milliún air, ní dhéanfainn é. 5 Dá dtagaidís amárach, bheadh áit le fanacht acu. 6 Dá bhfeicteá í, ní aithneofá í. 7 Mura dtuga tú dó é, goidfidh sé é. 8 Dá dtugtaí amadán air, chuirfeadh sé fearg air.
- 4 1 Fan go dtiocfaidh sé ar ais. 2 Chuaigh sé isteach go rachadh sé a chodladh. 3 Dúirt siad é a fhágáil mar a bhí, mura dtabharfadh Páidín faoi deara é. 4 Rith sé amach sula bhfeicfí é. 5 Sheas mé go bhfaighinn amach cé a bhí ag teacht. 6 Imeoidh mé go bhfaighidh mé eolas ar an gceist. 7 Dhá bhfeicfeá í bheadh iontas ort. 8 Imigh leat sula mbéarfá ort! 9 Beidh a fhios agat sula n-imeoidh tú. 10 Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an lá.
- 5 1 Déanaimis an obair le chéile. 2 Tagadh beirt agaibh liom. 3 Bíodh turas maith agat. 4 Ná hinsíodh aon duine an rún. 5 Seasaidís uilig. 6 Léadh sí an leabhar seo. 7 Bíodh sé ag an mbainis. 8 Ná hítheadh duine ar bith an cáca seo.
- 6 1 Fan go gcloise tú cad a rinne do mhac! 2 Go raibh sláinte agus sonas agat ar feadh do shaoil. 3 Bíodh turas iontach agat. (or Go n-éirí an bóthar leat). 4 Go dtuga Dia foighid dom. 5 Ná raibh ádh aige, an cladhaire! 6 Dúirt mé leis imeacht, nár gcuireadh sé isteach ort. 7 Tá mé ag fanacht anseo go bhfaighe mé freagra. 8 Téigh isteach go bhfeice tú cén t-am é.

UNIT TWENTY-ONE

Some other structures

This unit presents a few remaining Irish structures not covered elsewhere.

Subjectless verbs

Certain Irish verb constructions have been introduced in which the relations between subject and other elements of the sentence are the reverse of those in English. The English object occupies the Irish subject position (just after the verb) and the English subject is in a prepositional phrase at the end; corresponding words are shown with italic and underlined fonts below.

Ní thaitníonn *bainne* le Cáit.

Cáit doesn't like *milk*.

Teastaíonn *cúnamh* uainn.

We need *help*.

D'éirigh *an scrúdú* liom.

I succeeded in the *exam*.

Theip (*chinn/chlis*) *an scrúdú* ar Liam.

Liam failed the *exam*.

When the thing one needs, likes, succeeds or fails at, is expressed by a verbal noun or subordinate clause with **go**, that clause goes last, and nothing at all is in the subject slot; the verb is followed directly by the prepositional phrase.

Teastaíonn *uainn imeacht go luath*.

We need/want to leave early.

D'éirigh le *Brian an obair a chríochnú*.

Brian succeeded in finishing the work.

Theip *orm teagmháil a dhéanamh leis*.

I failed to make contact with him.

Sometimes, the pronoun **sé**, referring to the clause or verbal noun may be used in subject position.

Taitníonn sé liom go bhfuil tú anseo.

I am pleased that you are here.

Use of this pronoun is normal with **taitin**, but not with **teastaigh ó**, **éirigh le** or **teip ar**.

Caithfidh ‘must’ and **tarla** ‘happen’ may be used with or without a pronoun when a clause follows.

Tharla (sé) go raibh moill ar an eitilt.

It happened that the flight was delayed.

Caithfidh (sé) go bhfuil an cluiche thart.

The game must be over.

(Note that **caithfidh** is used this way when the meaning of ‘must’ is a supposition or conclusion that the speaker is making about the truth or likelihood of an event, rather than to indicate obligation.)

Tarla may also have an ordinary noun subject, or it may be followed by a verbal noun:

Tarlaíonn timpistí go minic ansin.

Accidents happen often there.

Tharla mé a bheith in Éirinn ag an am.

I happened to be in Ireland at the time.

Subjectless sentences are sometimes found with other verbs, often referring to natural phenomena or physical conditions:

Neartaigh ar an ghaoth.

The wind strengthened.

Laghdaigh ar mo mhisneach.

My courage declined.

Headless relative clauses

Occasionally a relative clause is found with no noun head at the beginning. The meaning depends on whether the verb is in the direct or indirect form (see Units 1 and 4):

Sin a chonaic mé.

That’s what I saw.

Sin a bhfaca mé.

That’s all that I saw.

Bhí a raibh ann sásta.

All who were there were pleased.

Subordinating **ach** and **agus**

Ach and **agus** can introduce verbless clauses that further qualify the main predicate. When **ach** is used this way, the meaning approximates to ‘if only’ or ‘as long as’:

Beidh neart airgid agat, ach post a fháil.

You’ll have plenty of money, if only you get a job/once you get a job.

Any subordinate clause with **bí** can instead be introduced by **agus**, omitting **bí**. The translation varies with the context (including ‘when’, ‘while’, ‘even if’, or nothing at all), but the basic meaning always includes simultaneity with the action of the main verb.

Tá Páidín ag an teach ósta agus é ag casadh amhráin.

Paidin is at the pub, singing a song.

(Compare: **Tá sé ag casadh amhráin.**)

Tháinig Bríd isteach, agus gúna nua uirthi.

Bríd came in wearing a new dress.

(Compare: **Bhí gúna nua uirthi.**)

Tharla go leor agus Máire thar saíle.

Much happened while Máire was overseas.

(Compare: **Bhí Máire thar saíle.**)

Tiocfaidh sé ar scoil, agus é tinn.

He’ll come to school, even if he’s sick.

(Compare: **Beidh sé tinn.**)

Negative clauses are introduced by **gan** in these structures.

Tháinig Bríd isteach agus gan airgead aici.

Bríd came in without any money.

However

Abstract nouns referring to qualities or degrees combine with **dá** (which lenites) to mean ‘however’ or ‘no matter how’.

Dá mhéad a itheann sé, fanann sé tanaí.

However much he eats, he stays thin.

Dá laghad a ithimse, cuirim suas meachan.

However little I eat, I gain weight.

Dá áilleacht an áit, bíonn an aimsir go dona.

However beautiful the place, it has bad weather.

Dá dheacracht í an Ghaeilge, is fiú í a fhoghlaim.

No matter how hard Irish is, it's worth learning it.

Dá fheabhas é, ní maith liom é.

Excellent as it is, I don't like it.

Abstract nouns can be formed from adjectives in a variety of ways. Some take endings of which those above are among the commonest, while others resemble the comparative form of the adjective:

dá óige na páistí

however young the children

dá airde an cnoc

however high the hill

dá aistí an scéal

however strange the story

A similar construction uses the same abstract nouns introduced by **a** with lenition and followed by **is** and a relative clause:

Feicfidh tú a áilleacht is atá sé. You'll see how beautiful it is.

Exceptional orders

Object nouns may be placed at the beginning of a sentence for special emphasis. This is rather rare, and the effect is somewhat poetic and formal:

Focal nár dhúirt sé. Not a word did he say.

Exercises

- 1 Paraphrase the following sentences using an expression with **ach** or **agus** that has similar meaning. E.g.,

Chuaigh sé ar scoil nuair a bhí sé tinn → Chuaigh sé ar scoil agus é tinn.

Bheadh airgead agat dá bhfaigheá post → Bheadh airgead agat ach post a fháil.

- 1 Bhuail mé le Mairéad nuair a bhí sí ag siopadóireacht.
- 2 D'aithneoinn é fiú dá mbeinn dall.

- 3 Cheannóinn deoch duit dá mbeadh an t-airgead agam.
 - 4 Chonaic mé Tadhg. Bhí mála mór aige
 - 5 Ar chuir sé isteach ort go raibh Máire ag caint chúns a bhí tú ag obair?
 - 6 Díolfaidh sé an teach, má fhaigheann sé praghas maith air.
 - 7 Bhí siad ag breathnú ar an gluiche, agus bhí siad sásta leis an toradh.
 - 8 Beidh siad ceart go leor má bhíonn muinín againn astu.
 - 9 Tháinig sé abhaile agus ní raibh bronntanais aige dá bhean.
 - 10 Ní bheadh brón uirthi dá dtiocfadh Breandán anseo.
 - 11 Ní thiofaidh sí ar ais fad 'is atá an cigire anseo.
 - 12 D'imigh sé agus ní raibh deis agam labhairt leis.
- 2 Fill in the blanks with a 'however' construction based on the adjective in the first sentence. E.g., Tá Gaeilge deacair → Dá deacracht í, is fiú í a fhoghlaim.
- 1 Tá an aimsir go dona. _____ an aimsir, tá an áit go hálainn.
 - 2 Tá Úna go hálainn. _____ í, níl ciall ar bith aici.
 - 3 Bhí an bia go hiontach. _____ an bia, bhí sé ródhaor.
 - 4 Tá an gúna an-chostasach. _____ é, ceannóidh mé é.
 - 5 Tá an scian seo géar. _____ an scian, ní ghearrfaidh sé iarann.
 - 6 Tá an leabhar go maith. _____ an leabhar, níl suim agam ann.
 - 7 Bhí an leaba compórdach. _____ an leaba, níor chodail mé go maith.
 - 8 Tá sé griannmhar. _____ é, tá sé réasúnta fuar.
 - 9 Tá sé te. _____ é, níl mé sásta.
 - 10 Tá sé leisciúil. _____ críochnaíonn sé a chuid oibre.
- 3 Try to paraphrase each sentence, using structures introduced in this unit.
- 1 D'éirigh an obair linn.
 - 2 Caithfidh sé go bhfuil siad imithe faoi seo.
 - 3 Ní chreidim chomh deacair 'is a bhí an scrúdú!
 - 4 Neartaigh mo mhisneach.
 - 5 An é sin an t-aon rud a fuair tú?
 - 6 Tráthnóna amháin, nuair a bhí mé ag siúlóid, tháinig mé ar bhean sídhe.
 - 7 Tharla sé go raibh Liam ag an gcruinniú.
 - 8 Níor ith sí greim den bhéile.
 - 9 Tá sé teipthe orm cuimhniú ar a ainm.
 - 10 Cuirigí síos ar 'chuile shórt a chonaic sibh nuair a bhí sibh sa tSín.

4 Translate.

- 1 You must have talked to my husband.
- 2 Not a drop did I drink since the day before yesterday.
- 3 That's what he did, and that's all that he did.
- 4 However strange his story, I believe it.
- 5 She'll be comfortable, as long as she has a cup of tea in the morning.
- 6 Here you are; take all that's left.
- 7 If it weren't for the help you gave my son, he'd have failed.
- 8 No matter how much you do, he won't be satisfied.

Answers to exercises

- 1 1 Bhuail mé le Mairéad agus í ag siopadóireacht. 2 D'aithneoinn é agus mé dall. 3 Cheannóinn deoch duit ach an t-airgead a bheith agam. 4 Chonaic mé Tadhg agus mála mór aige. 5 Ar chuir sé isteach ort go raibh Máire ag caint agus tú ag obair? 6 Díolfaidh sé an teach, ach praghas maith a fháil air. 7 Bhí siad ag breathnú ar an gcluiche, agus iad sásta leis an toradh. 8 Beidh siad ceart go leor ach muinín a bheith againn astu. 9 Tháinig sé abhaile agus gan bronntanais aige dá bhean. 10 Ní bheadh brón uirthi ach Breandán a theacht anseo. 11 Ní thiocfadh sí ar ais agus an cigire anseo. 12 D'imigh sé agus gan deis agam labhairt leis.
- 2 1 Dá dhonacht an aimsir, tá an áit go hálainn. 2 Dá áilleacht í, níl ciall ar bith aici. 3 Dá iontaí (or fheabhas) an bia, bhí sé ródhaor. 4 Dá chostasáí é, ceannóidh mé é. 5 Dá gheire an scian, ní ghearrfadh sé iarann. 6 Dá fheabhas an leabhar, níl suim agam ann. 7 Dá chompórdaí an leaba, níor chodail mé go maith. 8 Dá ghrianmhaire é, tá sé réasúnta fuar. 9 Dá teas é, níl mé sásta. 10 Dá leisciúla é, críochnaíonn sé a chuid oibre.
- 3 1 D'éirigh linn san obair (or ag obair). 2 Caithfidh go bhfuil siad imithe faoi seo. 3 Ní chreidim a dheacracht is a bhí an scrúdú! 4 Neartaigh ar mo mhisneach. 5 An é sin a bhfuair tú? 6 Tráthnóna amháin, agus mé ag siúlóid, tháinig mé ar bhean sídhe. 7 Tharla go raibh Liam ag an gcrúinniú. or Tharla Liam a bheith ag an gcrúinniú. 8 Greim nár ith sí den bhéile. 9 Theip orm cuimhniú ar a ainm. 10 Cuirigí síos ar a bhfaca sibh, agus sibh sa tSín.
- 4 1 Caithfidh (sé) gur labhair tú le m'fhear chéile. 2 Braon nár ól mé ó arú-inné. 3 Sin a rinne sé agus sin a ndearna sé. 4 Dá aistí a scéal, creidim é. 5 Béidh sí compórdach, ach cupán tae a bheith aici ar maidin. 6 Seo duit; tóg a bhfuil fágtha. 7 Murach an cúnamh a thug tú do mo mhac, theipfeadh air. 8 Dá mhéad a dhéanann tú, ní bheidh sé sásta.

UNIT TWENTY-TWO

Dialect variation I: vocabulary

Dialect differences in Irish were mentioned in the Introduction to *Basic Irish* and have been referred to occasionally throughout the lessons. This and the remaining units examine in more detail some of the principal features distinguishing major Irish dialects. Learners wishing to focus on learning a particular regional variant can use these chapters to refine their vocabulary and grammar choices in the direction of the dialect they choose.

This unit provides an overview of the dialects and some differences in common vocabulary and pronunciation.

The dialects

Three major dialect areas are generally distinguished by the province in which they are found: Ulster, Connacht, and Munster. Although dialects may vary across different regions within a province, they tend to be more like each other than those of more distant provinces. Traditionally, Ulster Irish survives only in Donegal (although a Belfast variety has also emerged in recent years). Connacht Irish is mainly spoken in County Galway, but Mayo also has Gaeltacht areas. Connacht Irish is also spoken in the village of Rath Cairn, County Meath, whose population originally came from the Connemara region of County Galway. Munster is the most diverse province, with gaeltachtaí in Counties Kerry, Cork, and Waterford.

Dialect differences do not always align in the same way. Some dialect features are recognizably distinct in each of the three provinces, while in other features two provinces may be similar, while a third differs. This unit will begin by identifying some vocabulary that differs in all three areas (but is more or less homogeneous within each). Later sections will present vocabulary particular to single areas.

Provincial boundaries

In *Basic Irish*, Unit 2, some greetings were presented in several alternative forms. These align largely with the three provincial divisions outlined above and are repeated here for convenience. Note the three distinct forms of ‘how’ as well as the different verb structures.

Ulster	Goidé (Cad é) mar atá tú?	} How are you?
Connacht	Cén chaoi a bhfuil tú?	
Munster	Conas atá tú? or Conas taoi? or Conas tánn tú?	
Ulster	Cá hainm thú? (contracts to C’ainm thú?)	} What’s your name?
Connacht	Cén t-ainm atá ort?	
Munster	Cad is ainm duit?	
Ulster	Cá has tú?	} Where are you from?
Connacht	Cé as thú?	
Munster	Cad as duit?	

The name for the language itself differs across the three provinces, along with a number of other vocabulary items, including those listed below.

<i>Ulster</i>	<i>Connacht</i>	<i>Munster</i>	
Gaeidhlic	Gaeilge	Gaolainn	Irish
bomaite	nóiméad	múméad	minute
inteacht	eicín(t)	éigin	something
dada	tada	faic/aon rud	nothing
rioball	drioball	eireaball	tail
fosta	freisin	chomh maith/leis	also
amharc	breathnú	féachaint	looking at
mall	deireanach	déanach	late
cál	gabáiste	cabáiste	cabbage
achan	’chuile	gach (aon)	every

The above list is by no means exhaustive, but merely shows a few forms widely recognized as identifying speakers of a particular region. (Recall also the question words **goidé/céard/cad**, all meaning ‘what’, introduced in Unit 2.) It should also be noted that more than one word may be used in a given region; these are merely the most common forms from each area (**gabáiste** is used in Waterford as well as in Connacht, for instance, and **gach** is also heard occasionally in Connacht alongside **’chuile**). Moreover, many speakers will recognize the synonyms from other areas, even if they don’t use the words themselves.

North and south

The river Shannon marks the dividing point for some dialect features, giving a north–south division in which Ulster and Connacht counties show similar features, with Munster differing. (The Shannon separates County Clare from the rest of Munster, and in some respects Clare dialects can be seen as transitional, sometimes sharing features with Munster, sometimes with Connacht. Since Clare dialects are now extinct, they will be excluded from the Munster dialects considered here.) The following vocabulary items illustrate this division, beginning with some mentioned in earlier units.

<i>North of Shannon</i>	<i>South of Shannon</i>	
muid	sinn	we, us
cén uair	cathain	when
madadh	madra	dog
foighid	foighne	patience
ar chor ar bith	in aon chor	at all (with ‘not’)
ballaí	fallaí	walls
fanacht	fanúint	waiting
amharc	radharc	sight
go fóill	fós	yet, still
éadan	aghaidh	face
baithis	éadan	forehead

Note in the last examples that **éadan** is found in all areas, but with different meanings north and south of the Shannon. Again, the list is only partial and approximate, and word usage may slip across the boundaries. For example, some speakers in Donegal (Ulster) use **sinn** rather than or in addition to **muid**, and some also use **éadan** for ‘forehead’. **Fós** is found alongside **go fóill** in Galway. Similarly, in addition to the **madadh/madra** division shown above, an alternate word **gadhar** can be found both in Galway and in Cork/Waterford.

The Shannon also marks a boundary for certain pronunciation features that distinguish Munster Irish from the northern dialects. The shift of stress from first to second syllables containing long vowels (described in Unit 1 of *Basic Irish*) is an example. Others include the following:

- pronunciation of a broad *s* in the south in words like **anseo**, **ansin**, **ansíúd** and in the demonstratives **seo**, **sin**, **siúd**. (Sometimes reflected in spellings like **so**, **san**.)
- pronunciation of the sequence *ao(i)* as if spelled *é* south of the Shannon and as *í* in the north (some parts of Ulster have a third pronunciation more like that of Scottish Gaelic, a sound which has no English equivalent).

- distinction between /w/ and /v/ as pronunciations of broad and slender *mh*, *bh*, respectively, in the north. All are pronounced as /v/ in much of the south.
- loss of a pronunciation difference between single and double consonants (*n* vs. *nn*; *l* vs. *ll*, etc.) in the south (also in Galway for broad consonants).
